2025/1975

29.9.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1975 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/1972 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES maidir le bearta sriantacha áirithe i gcoinne na hIaráine ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES ([2]) agus an 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ([3]), a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

(2) An 14 Iúil 2015, tháinig Cónaidhm na Rúise, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an tSín, agus na Stáit Aontaithe, le tacaíocht ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), ar chomhaontú leis an Iaráin maidir le réiteach cuimsitheach fadtéarmach ar shaincheist núicléach na hIaráine. Le cur chun feidhme iomlán an Phlean Chuimsithigh Chomhpháirtigh Gníomhaíochta (PCCG), bhí cineál iomlán síochánta chlár núicléach na hIaráine le háirithiú, agus bhí foráil le déanamh maidir le deireadh cuimsitheach a chur leis na smachtbhannaí uile a bhaineann le cúrsaí núicléacha.

(3) An 20 Iúil 2015, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2231 (2015) lena bhformhuinítear PCCG mar réiteach cuimsitheach fadtéarmach ar shaincheist núicléach na hIaráine.

(4) An 18 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Dearbhú 2015/C 345/01 ([4]) inar tugadh ar aird go raibh an gealltanas deireadh a chur le smachtbhannaí uile an Aontais a bhaineann le cúrsaí núicléacha i gcomhréir le PCCG gan dochar don sásra um réiteach díospóidí a leagtar amach in PCCG ná do smachtbhannaí an Aontais a thabhairt isteach arís i gcás neamh-chomhlíonadh suntasach na hIaráine maidir lena a gealltanais faoi PCCG. Ina theannta sin, smachtbhannaí uile an Aontais a bhaineann le cúrsaí núicléacha a cuireadh ar fionraí nó a foirceannadh, i gcás nach gcomhlíonann an Iaráin a gealltanais faoi PCCG, gheall an Chomhairle iad a thabhairt isteach in athuair gan mhoill ar mholadh comhpháirteach don Chomhairle ón Ardionadaí, ón bhFrainc, ón nGearmáin agus ón Ríocht Aontaithe.

(5) An 28 Lúnasa 2025, fuair an tArdionadaí, mar Chomhordaitheoir Choimisiún Comhpháirteach PCCG ('an Comhordaitheoir'), agus Uachtarán Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe litir ó Airí Gnóthaí Eachtracha na Fraince, na Gearmáine agus na Ríochta Aontaithe maidir le cur chun feidhme PCCG. Tríd an litir sin, chuir na hAirí Gnóthaí Eachtracha in iúl do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe gur chreid siad, bunaithe ar fhianaise fhíorasach, gur ann do neamh-chomhlíonadh suntasach na hIaráine maidir lena gealltanais faoi PCCG, rud a chuir tús leis an nós imeachta chun smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe ar cuireadh deireadh leo faoi Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a athbhunú, i gcomhréir le mír 11 de Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(6) An 29 Lúnasa 2025, i gcomhréir le Dearbhú 2015/C 345/01 ón gComhairle, chuir an tArdionadaí, an Fhrainc agus an Ghearmáin moladh comhpháirteach chuig an gComhairle, inar moladh smachtbhannaí uile an Aontais a bhaineann le cúrsaí núicléacha a cuireadh ar fionraí nó a foirceannadh, nó an dá rud, a thabhairt isteach an athuair gan mhoill, tráth a bheidh smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe athbhunaithe, i gcomhréir le Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

([1]) IO L, 2025/1972, 29.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1972/oj.
([2]) Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/413/oj).
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/267/oj).
([4]) Dearbhú 2015/C 345/01 ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2015 (IO C 345, 18.10.2015, lch. 1).

(7) Faoin 27 Meán Fómhair 2025, níor raibh rún nua glactha ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun leanúint de dheireadh a chur leis na smachtbhannaí laistigh de 30 lá ón bhfógra a fháil a fháil an 28 Lúnasa 2025. Dá bhrí sin, i gcomhréir le forálacha mhír 37 de PCCG, tá forálacha Rúin 1696 (2006), 1737 (2006), 1747 (2007), 1803 (2008), 1835 (2008) agus 1929 (2010) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le forchur an athuair.

(8) I gcomhréir leis an bhforáil a leagtar amach i mír 37 de PCCG, níl feidhm le héifeacht chúlghabhálach le bheith ag ath-fhorchur beart sriantach maidir le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025, ná maidir le conarthaí coimhdeacha chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi na conarthaí sin agus faoi fhorghníomhú na gconarthaí sin, comhsheasmhach le PCCG agus leis na forálacha ath-fhorchurtha.

(9) An 29 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1972, lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES.

(10) Ba cheart don Chomhairle an chumhacht a fheidhmiú chun na liostaí in Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an bpróiseas chun na hiarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2025/1972 a leasú.

(11) Tagann na bearta sa Rialachán seo faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(t) ciallaíonn "aistriú cistí":

(i) aon idirbheart a dhéantar thar ceann íocóra trí sholáthraí seirbhíse íocaíochta trí mhodh leictreonach, d'fhonn cistí a chur ar fáil d'íocaí ag soláthraí seirbhíse íocaíochta, is cuma más é an duine céanna é an t-íocóir agus an t-íocaí nó murab é. Tá an bhrí chéanna leis na téarmaí íocóir, íocaí agus soláthraí seirbhíse íocaíochta agus atá leo i dTreoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(ii) aon idirbheart trí mhodh neamhleictreonach amhail in airgead tirim, seiceanna nó orduithe cuntasaíochta, d'fhonn cistí a chur ar fáil d'íocaí is cuma más é an duine céanna é an t-íocóir agus an t-íocaí nó murab é.

(*) Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoir 97/7/CE, Treoir 2002/65/CE, Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE (IO L 319, 5.12.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/64/oj).';

(b) scriostar pointe (u);

(2) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 2*

1. Beidh toirmeasc ar na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin.

2. Áireofar in Iarscríbhinn I earraí agus teicneolaíocht, lena n-áirítear bogearraí, ar ítimí nó teicneolaíocht dé-úsáide iad mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle (*), cé is moite d'earraí agus teicneolaíocht áirithe mar a shonraítear i gcuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas, laistigh de 4 seachtaine, faoi údaruithe arna ndeonú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009, i leith na n-earraí agus na teicneolaíochta mar a shonraítear i gcuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Áireofar in Iarscríbhinn II earraí agus teicneolaíocht eile a d'fhéadfadh rannchuidiú le gníomhaíochtaí na hIaráine a bhaineann le saibhriú, le hathphróiseáil nó le tromuisce, le forbairt córas seachadta arm núicléach, nó le saothrú gníomhaíochtaí a bhaineann le hábhair eile a bhfuil imní curtha in iúl ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach ina leith nó ar shainaithin an Ghníomhaireacht sin go bhfuil siad fós gan réiteach, lena n-áirítear iad siúd arna gcinneadh ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó ag an gCoiste Smachtbhannaí.

5. Ní áireofar in Iarscríbhinní I agus II earraí agus teicneolaíocht a áirítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (**) ("an Liosta Comhchoiteann Míleata").

Airteagal 3

1. Beidh gá le réamhúdarú chun na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn IIA a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin.

2. I gcás gach onnmhairithe a bhfuil údarú ag teastáil ina leith faoin Airteagal seo, deonóidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe an t-údarú sin agus beidh sé i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

3. Áireofar in Iarscríbhinn IIA aon earra agus teicneolaíocht, seachas iad siúd a áirítear in Iarscríbhinní I agus II, a d'fhéadfadh rannchuidiú le gníomhaíochtaí a bhaineann le saibhriú, le hathphróiseáil nó le tromuisce, le forbairt córas seachadta arm núicléach, nó le saothrú gníomhaíochtaí a bhaineann le hábhair eile a bhfuil imní curtha in iúl ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach ina leith nó ar shainaithin an Ghníomhaireacht sin go bhfuil siad fós gan réiteach.

4. An fhaisnéis ábhartha uile atá de dhíth d'iarratas onnmhaireoirí ar údarú onnmhairiúcháin, soláthróidh onnmhaireoirí an fhaisnéis sin do na húdaráis inniúla.

5. Ní dheonóidh na húdaráis inniúla aon údarú maidir le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí nó na teicneolaíochta a áirítear in Iarscríbhinn IIA, má tá forais réasúnacha acu lena chinneadh go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta beartaithe, nó go bhféadfadh sé a bheith beartaithe, le haghaidh úsáid i ndáil le ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí na hIaráine a bhaineann le saibhriú, athphróiseáil nó tromuisce;

(b) an Iaráin córas seachadta arm núicléach a fhorbairt; nó

(c) an Iaráin gníomhaíochtaí a shaothrú a bhaineann le hábhair eile a bhfuil imní curtha in iúl ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach ina leith nó ar shainaithin an Ghníomhaireacht sin go bhfuil siad fós gan réiteach.

6. Faoi na coinníollacha a leagtar amach i mír 5, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú onnmhairiúcháin atá deonaithe acu a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm.

7. I gcás ina ndiúltaíonn údarás inniúil údarú a dheonú, nó ina ndéanann sé údarú a neamhniú, a chur ar fionraí, a theorannú go substaintiúil nó a chúlghairm i gcomhréir le mír 5 nó mír 6, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra faoi sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agus roinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha leo, agus na forálacha maidir le rúndacht na faisnéise sin atá i Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle (***).

8. Sula ndeonóidh Ballstát údarú i gcomhréir le mír 5 le haghaidh idirbheart arb ionann é go bunúsach agus idirbheart atá faoi réir diúltú atá fós bailí arna eisiúint ag Ballstát eile nó ag Ballstáit eile faoi mhíreanna 6 agus 7, rachaidh sé i gcomhairle ar dtús leis an mBallstát nó leis na Ballstáit a d'eisigh an diúltú. Más rud é, tar éis na gcomhairliúchán sin, go gcinneann an Ballstát lena mbaineann údarú a dheonú, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi sin, agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile chun an cinneadh a mhíniú.

Airteagal 4

Beidh toirmeasc ar na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a cheannach, a allmhairiú nó a iompar ón Iaráin, go díreach nó go hindíreach, bíodh an t-earra lena mbaineann de thionscnamh na hIaráine nó ná bíodh.;

(*) Rialachán (CE) 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairí, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras earraí dé-úsáide a rialú (IO L 134, 29.5.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/428/oj).

(**) An leagan is déanaí a foilsíodh in IO C, C/2025/1499, 6.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1499/oj.

(***) Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustam agus talmhaíochta (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/515/oj).';

(3) scriostar Airteagail 2a, 2b, 2c, 2d, 3a, 3b, 3c agus 3d;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'*Airteagal 5*

1. Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata, nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí a áirítear sa liosta sin, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin;

(b) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II, nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí a áirítear in Iarscríbhinní I nó II, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin; agus

(c) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata nó in Iarscríbhinní I nó II, lena n-áirítear go háirithe deontais, iasachtaí agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, chun na hítimí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar ar aon bhealach d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin.

2. Beidh soláthar an mhéid seo a leanas faoi réir údarú ón údarás inniúil lena mbaineann:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn IIA agus le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IIA, lena n-áirítear go háirithe deontais, iasachtaí agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, chun na hítimí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar ar aon bhealach, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin.

3. Ní thabharfaidh na húdaráis inniúla aon údarú le haghaidh na n-idirbheart dá dtagraítear i mír 2, má tá forais réasúnacha acu lena chinneadh go bhfuil an ghníomhaíocht beartaithe, nó go bhféadfadh sé go mbeadh sí beartaithe, chun rannchuidiú le ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí na hIaráine a bhaineann le saibhriú, athphróiseáil nó tromuisce;

(b) an Iaráin córas seachadta arm núicléach a fhorbairt; nó

(c) an Iaráin gníomhaíochtaí a shaothrú a bhaineann le hábhair eile a bhfuil imní curtha in iúl ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach ina leith nó ar shainaithin an Ghníomhaireacht sin go bhfuil siad fós gan réiteach.';

(5) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 6*

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(1) agus ag Airteagal 5(1) maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aistriú díreach nó indíreach earraí a thagann faoi réim Chuid B d'Iarscríbhinn I, trí chríocha na mBallstát nuair a dhéantar na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig an Iaráin nó lena n-úsáid san Iaráin le haghaidh imoibreoir éadromuisce san Iaráin ar cuireadh tús lena thógáil roimh mhí na Nollag 2006;

(b) idirbhearta arna sainordú ag clár comhair theicniúil na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach;

(c) earraí a sholáthraítear don Iaráin nó a aistrítear chuici nó lena n-úsáid san Iaráin de bharr oibleagáidí na Stát is Páirtithe faoi Choinbhinsiún Pháras maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú an 13 Eanáir 1993;

(d) forghníomhú, go dtí an 1 Eanáir 2026, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 chun earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú mar a shonraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú; nó

(e) forghníomhú, go dtí an 1 Eanáir 2026, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 chun cúnamh teicniúil nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le hearraí agus teicneolaíocht a sholáthar mar a shonraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

1. Gan dochar d'Airteagal 1(b) de Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, údarú a dheonú le haghaidh idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 2(1) nó cúnamh nó seirbhísí bróicéireachta dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán seo, ar choinníoll:

(a) gur chun críoch bia, talmhaíochta, leighis nó daonnúil eile iad na hearraí agus an teicneolaíocht, an cúnamh nó na seirbhísí bróicéireachta; agus

(b) sna cásanna sin ina mbaineann an t-idirbheart le hearraí nó teicneolaíocht atá i nGrúpa na Soláthraithe Núicléacha nó i liostaí an Chórais Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán, gur chinn an Coiste Smachtbhannaí roimh ré agus ar bhonn cás ar chás gur léir nach gcuirfeadh an t-idirbheart le forbairt teicneolaíochtaí chun tacú le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de, ná le forbairt córas seachadta arm núicléach.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas, laistigh de 4 seachtaine, faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo.

Airteagal 8

1. Beidh toirmeasc ar an príomhthrealamh agus an phríomhtheicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinní VI agus VIA a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin.

2. Áireofar in Iarscríbhinní VI agus VIA príomhthrealamh agus príomhtheicneolaíocht le haghaidh na bpríomhearnálacha seo a leanas den tionscal ola agus gáis san Iaráin:

(a) taiscéalaíocht amhola agus gáis nádúrtha;

(b) táirgeadh amhola agus gáis nádúrtha;

(c) scagadh;

(d) leachtú gáis nádúrtha.

3. Áireofar in Iarscríbhinní VI agus VIA freisin príomhthrealamh agus príomhtheicneolaíocht le haghaidh an tionscail pheitriceimicigh san Iaráin.

4. Ní áireofar in Iarscríbhinní VI agus VIA ítimí a áirítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata, nó in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn IIA.

Airteagal 9

Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis an bpríomhthrealamh agus an phríomhtheicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinní VI agus VIA, nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinní VI agus VIA, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis an bpríomhthrealamh agus leis an bpríomhtheicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinní VI agus VIA a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, nó lena n-úsáid san Iaráin.

Airteagal 10

1. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagail 8 agus 9 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) forghníomhú idirbheart, go dtí an 1 Eanáir 2026, a cheanglaítear le conradh trádála a bhaineann le príomhthrealamh nó príomhtheicneolaíocht i dtaiscéaladh amhola agus gáis nádúrtha, táirgeadh amhola agus gáis nádúrtha, scagadh, leachtú gáis nádúrtha mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, nó trí chonradh nó comhaontú a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 agus a bhaineann le hinfheistíocht san Iaráin arna déanamh roimh an 30 Meán Fómhair 2025, ná ní chuirfidh siad cosc ar fhorghníomhú oibleagáide a eascraíonn as sin;

(b) forghníomhú idirbheart, go dtí an 1 Eanáir 2026, a cheanglaítear le conradh trádála a bhaineann le príomhthrealamh nó príomhtheicneolaíocht le haghaidh an tionscail pheitriceimicigh mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, nó trí chonradh nó comhaontú a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 agus a bhaineann le hinfheistíocht san Iaráin arna déanamh roimh an 30 Meán Fómhair 2025, ná ní chuirfidh siad cosc ar fhorghníomhú oibleagáide a eascraíonn as sin;

(c) forghníomhú idirbheart, go dtí an 1 Eanáir 2026, a cheanglaítear le conradh trádála a bhaineann le príomhthrealamh nó príomhtheicneolaíocht i dtaiscéaladh amhola agus gáis nádúrtha, táirgeadh amhola agus gáis nádúrtha, scagadh, leachtú gáis nádúrtha agus le haghaidh an tionscail pheitriceimicigh mar a liostaítear in Iarscríbhinn VIA a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 agus a bhaineann le hinfheistíocht san Iaráin i dtaiscéaladh amhola agus gáis nádúrtha, táirgeadh amhola agus gáis nádúrtha, agus scagadh, leachtú gáis nádúrtha arna déanamh roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó a bhaineann le hinfheistíocht san Iaráin sa tionscal peitriceimiceach arna déanamh roimh an 30 Meán Fómhair 2025, ná ní chuirfidh siad cosc ar fhorghníomhú oibleagáide a eascraíonn as sin; nó

(d) soláthar cúnaimh theicniúil atá beartaithe chun trealamh nó teicneolaíocht arna seachadadh i gcomhréir le pointí (a), (b) agus (c) a shuiteáil, agus chuige sin amháin,

ar choinníoll go bhfuil fógra faoin idirbheart nó faoin gcúnamh tugtha ag an duine nádúrtha nó dlítheanach, ag an eintiteas nó ag an gcomhlacht atá ag iarraidh gabháil de na hidirbhearta sin, nó cúnamh a thabhairt do na hidirbhearta sin, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe, ar a laghad 20 lá oibre roimh ré.

2. Beidh na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 8 agus 9 gan dochar d'fhorghníomhú oibleagáidí a eascraíonn as conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (b), agus in Airteagal 14(1), pointe (b), ar choinníoll go n-eascraíonn na hoibleagáidí sin as conarthaí seirbhíse nó as conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun iad a fhorghníomhú agus ar choinníoll go bhfuil forghníomhú na n-oibleagáidí sin údaraithe roimh ré ag an údarás inniúil lena mbaineann agus gur chuir an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas go bhfuil sé beartaithe aige údarú a dheonú.

Airteagal 10a

1. Beidh toirmeasc ar an príomhthrealamh cabhlaigh agus an phríomhtheicneolaíocht chabhlaigh a liostaítear in Iarscríbhinn VIB a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin.

2. Áireofar in Iarscríbhinn VIB príomhthrealamh cabhlaigh nó príomhtheicneolaíocht chabhlaigh chun longa a thógáil, a chothabháil nó a athfheistiú, lena n-áirítear trealamh nó teicneolaíocht a úsáidtear chun tancaeir ola a thógáil.

Airteagal 10b

Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis an bpríomhthrealamh agus leis an bpríomhtheicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn VIB, nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn VIB, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis an bpríomhthrealamh agus leis an bpríomhtheicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn VIB a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, nó lena n-úsáid san Iaráin.

Airteagal 10c

1. Beidh na toirmisc in Airteagail 10a agus 10b gan dochar do sholáthar príomhthrealaimh cabhlaigh agus príomhtheicneolaíochta cabhlaigh do shoitheach nach bhfuil faoi úinéireacht ná faoi rialú duine, eintitis nó comhlachta de chuid na hIaráine agus ar cuireadh iallach air dul isteach i gcalafort san Iaráin, nó isteach in uiscí teorann na hIaráine, faoi *force majeure*.

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagail 10a agus 10b maidir le forghníomhú, go dtí an 1 Eanáir 2026, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10d:

'*Airteagal 10d*

1. Beidh toirmeasc ar na bogearraí mar a liostaítear in Iarscríbhinn VIIA a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin.

2. Áireofar in Iarscríbhinn VIIA bogearraí chun próisis thionsclaíocha a chomhtháthú atá ábhartha do thionscail atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí nó atá ábhartha do chlár núicléach, míleata nó diúracán balaistíoch na hIaráine.';

(7) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 10e*

Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na bogearraí a liostaítear in Iarscríbhinn VIIA, nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn VIIA, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na bogearraí a liostaítear in Iarscríbhinn VIIA a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, nó lena n-úsáid san Iaráin.

Airteagal 10f

Ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagail 10d agus 10e maidir le forghníomhú, go dtí an 1 Eanáir 2026, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Airteagal 11

1. Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) amhola nó táirgí peitriliam a allmhairiú isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na hIaráine iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh iad ón Iaráin;

(b) amhola nó táirgí peitriliam atá lonnaithe san Iaráin nó ar de thionscnamh na hIaráine iad a cheannach;

(c) amhola nó táirgí peitriliam a iompar más de thionscnamh na hIaráine iad, nó má tá siad á n-onnmhairiú ón Iaráin chuig aon tír eile; agus

(d) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus athárachas a bhaineann le hamhola agus táirgí peitriliam de thionscnamh na hIaráine nó a allmhairíodh ón Iaráin a allmhairiú, a cheannach nó a iompar.

2. Ciallaíonn "amhola agus táirgí peitriliam" na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

Airteagal 12

1. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagal 11 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) forghníomhú, go dtí an 1 Eanáir 2026, conarthaí trádála arna dtabhairt i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú;

(b) forghníomhú conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha, a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, i gcás ina bhforáiltear go sonrach i gconradh den sórt sin gur ar mhaithe le méideanna gan íoc a aisíoc le daoine, eintitis nó comhlachtaí atá faoi dhlínse na mBallstát atá an soláthar amhola agus táirgí peitriliam de chuid na hIaráine nó na fáltais a fhaightear óna soláthar;

(c) amhola nó táirgí peitriliam, a onnmhairíodh ón Iaráin roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó i gcás ina ndearnadh an t-onnmhairiú de bhun phointe (a) an 30 Meán Fómhair 2025 nó roimhe sin; nó i gcás ina ndearnadh an t-onnmhairiú de bhun phointe (b);

(d) ceannach ola umair arna táirgeadh agus arna soláthar ag tríú tír seachas an Iaráin, atá beartaithe chun innill soithí a thiomáint;

(e) ola umair a cheannach chun innill soithigh a thiomáint ar cuireadh iallach uirthi dul isteach i gcalafort san Iaráin, nó in uiscí teorann na hIaráine, faoi *force majeure*,

ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha, ar a laghad 20 lá oibre roimh ré, ag an duine, eintiteas nó comhlacht atá ag iarraidh an conradh dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) a chomhlíonadh faoin ngníomhaíocht nó faoin idirbheart d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc in Airteagal 11(1), pointe (d), maidir le hárachas tríú páirtí agus árachas dliteanais comhshaoil agus athárachas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, go dtí an 1 Eanáir 2026.

Airteagal 13

1. Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) táirgí peitriceimiceacha a allmhairiú isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na hIaráine iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh iad ón Iaráin;

(b) táirgí peitriceimiceacha atá lonnaithe san Iaráin nó ar de thionscnamh na hIaráine iad a cheannach;

(c) táirgí peitriceimiceacha a iompar más de thionscnamh na hIaráine iad, nó má tá siad á n-onnmhairiú ón Iaráin chuig aon tír eile; agus

(d) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus athárachas a bhaineann le táirgí peitriceimiceacha de thionscnamh na hIaráine nó a allmhairíodh ón Iaráin a allmhairiú, a cheannach nó a iompar.

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "táirgí peitriceimiceacha" na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn V.

Airteagal 14

1. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagal 13 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) forghníomhú go dtí an 1 Eanáir 2026, conarthaí trádála arna dtabhairt i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú;

(b) forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha, lena n-airítear conarthaí iompair nó árachais, a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, i gcás ina bhforáiltear go sonrach i gconradh gur ar mhaithe le méideanna gan íoc a aisíoc le daoine, eintitis nó comhlachtaí atá faoi dhlínse na mBallstát atá an soláthar táirgí peitriceimiceacha de chuid na hIaráine nó na fáltais a fhaightear óna soláthar;

(c) táirgí peitriceimiceacha a onnmhairíodh ón Iaráin roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó i gcás ina ndearnadh an t-onnmhairiú de bhun phointe (a) an 30 Meán Fómhair 2025 nó roimhe sin, nó i gcás ina ndearnadh an t-onnmhairiú de bhun phointe (b),

ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha, ar a laghad 20 lá oibre roimh ré, ag an duine, eintiteas nó comhlacht atá ag iarraidh an conradh lena mbaineann a chomhlíonadh faoin ngníomhaíocht nó faoin idirbheart d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc in Airteagal 13(1), pointe (d), maidir le hárachas tríú páirtí agus árachas dliteanais comhshaoil agus athárachas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, go dtí an 1 Eanáir 2026.

Airteagal 14a

1. Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) gás nádúrtha de thionscnamh na hIaráine nó a onnmhairíodh ón Iaráin a cheannach, a iompar nó a allmhairiú isteach san Aontas;

(b) gás nádúrtha de thionscnamh na hIaráine nó a onnmhairíodh ón Iaráin a bhabhtáil;

(c) seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus athárachas agus seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le hárachas agus athárachas, i leith na ngníomhaíochtaí i bpointí (a) nó (b).

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gás nádúrtha a onnmhairíodh ó Stát seachas an Iaráin nuair a rinneadh an gás onnmhairithe a chumasc le gás de thionscnamh na hIaráine laistigh de bhonneagar Stáit seachas an Iaráin;

(b) náisiúnaigh de chuid Ballstát gáis nádúrtha a cheannach laistigh den Iaráin chun críoch sibhialta, lena n-áirítear téamh cónaithe nó cumhacht chónaithe, nó chun misin taidhleoireachta a choinneáil ar bun; nó

(c) conarthaí a fhorghníomhú chun gás nádúrtha de thionscnamh Stáit seachas an Iaráin a sheachadadh isteach san Aontas.

3. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "gás nádúrtha" na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn IVA.

4. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn "babhtáil" sruthanna gáis nádúrtha de thionscnaimh éagsúla a mhalartú.

Airteagal 15

1. Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) ór, miotail lómhara agus diamaint, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, chuig Rialtas na hIaráine, chuig a chomhlachtaí poiblí, chuig a chorparáidí agus chuig a ghníomhaireachtaí, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir, nó chuig aon eintiteas nó comhlacht atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú;

(b) ór, miotail lómhara agus diamaint, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII, a cheannach, a allmhairiú, nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, ó Rialtas na hIaráine, óna chomhlachtaí poiblí, óna chorparáidí agus óna ghníomhaireachtaí, ó aon duine, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir, nó ó aon eintiteas nó comhlacht atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú; agus

(c) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na hIaráine, dá chomhlachtaí poiblí, dá chorparáidí agus dá ghníomhaireachtaí agus d'aon duine, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir, nó d'aon eintiteas nó comhlacht atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú.

2. Áireofar in Iarscríbhinn VII ór, miotail lómhara agus diamaint atá faoi réir na dtoirmeasc dá dtagraítear i mír 1.';

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15a:

'*Airteagal 15a*

1. Beidh toirmeasc ar ghraifít agus miotail amha nó leathchríochnaithe mar a liostaítear in Iarscríbhinn VIIB a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin.

2. Áireofar in Iarscríbhinn VIIB graifít agus aon mhiotal amh nó leathchríochnaithe, amhail alúmanam agus cruach, atá ábhartha do thionscail atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí nó atá ábhartha do chlár núicléach, míleata nó diúracán balaistíoch na hIaráine.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinní I, II agus IIA.'

(9) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 15b*

1. Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na hearraí in Iarscríbhinn VIIB, nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid earraí a liostaítear in Iarscríbhinn VIIB, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó lena n-úsáid san Iaráin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn VIIB a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, nó lena n-úsáid san Iaráin.

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinní I, II agus IIA.

Airteagal 15c

Ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagal 15a maidir le forghníomhú, go dtí an 1 Eanáir 2026, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Airteagal 16

Beidh toirmeasc ar nótaí bainc nuachlóite nó neamheisithe de chuid na hIaráine agus mona buailte de chuid na hIaráine a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le Banc Ceannais na hIaráine nó chun tairbhe dó.

CAIBIDIL III

SRIANTA AR FHIONTAIR ÁIRITHE A MHAOINIÚ

Airteagal 17

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) aon iasacht airgeadais nó creidmheas airgeadais a dheonú d'aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine dá dtagraítear i mír 2;

(b) rannpháirtíocht in aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine dá dtagraítear i mír 2 a fháil nó síneadh a chur léi;

(c) aon chomhfhiontar le haon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine dá dtagraítear i mír 2 a chruthú.

2. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le haon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine atá rannpháirteach sa mhéid seo a leanas:

(a) monarú earraí nó teicneolaíochta a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata nó in Iarscríbhinní I nó II;

(b) taiscéaladh nó táirgeadh amhola agus gáis nádúrtha, scagadh breoslaí nó leachtú gáis nádúrtha; nó

(c) an tionscal peitriceimiceach.

3. Chun críocha mhír 2, pointí (b) agus (c), tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) áirítear le "taiscéaladh amhola agus gáis nádúrtha" taiscéalaíocht, sirtheoireacht agus bainistíocht cúlstoc amhola agus gáis nádúrtha, chomh maith le seirbhísí geolaíocha a sholáthar i ndáil leis na cúlstoic sin;

(b) áirítear le "táirgeadh amhola agus gáis nádúrtha" seirbhísí tarchurtha bulcgháis chun críche idirthurais nó seachadta chuig eangacha atá idirnasctha go díreach;

(c) ciallaíonn "scagadh" próiseáil, cóireáil nó ullmhú do dhíol deiridh breoslaí;

(d) ciallaíonn "tionscal peitriceimiceach" gléasraí táirgthe chun ítimí in Iarscríbhinn V a mhonarú.

4. Beidh toirmeasc ar chomhar a bhunú le duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine atá ag gabháil do tharchur gáis nádúrtha dá dtagraítear i mír 3, pointe (b).

5. Chun críocha mhír 4, ciallaíonn "comhar":

(a) comhroinnt costas infheistíochta i slabhra soláthair comhtháite nó bainistithe chun gás nádúrtha a fháil nó a sheachadadh go díreach ó chríoch na hIaráine nó chuici; agus

(b) comhar díreach chun infheistíocht a dhéanamh i saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe laistigh de chríoch na hIaráine nó i saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe atá nasctha go díreach leis sin.

Airteagal 18

1. Beidh déanamh infheistíochta trí idirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 17(1) i nduine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine atá ag gabháil do mhonarú earraí nó teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IIA faoi réir údarú ón údarás inniúil lena mbaineann.

2. Ní thabharfaidh na húdaráis inniúla aon údarú le haghaidh na n-idirbheart dá dtagraítear i mír 1, má tá forais réasúnacha acu lena chinneadh go rannchuideodh an ghníomhaíocht le ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí na hIaráine a bhaineann le saibhriú, athphróiseáil nó tromuisce;

(b) an Iaráin córas seachadta arm núicléach a fhorbairt; nó

(c) an Iaráin gníomhaíochtaí a shaothrú a bhaineann le hábhair eile a bhfuil imní curtha in iúl ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach ina leith nó ar shainaithin an Ghníomhaireacht sin go bhfuil siad fós gan réiteach.

Airteagal 19

1. De mhaolú ar Airteagal 17(2), pointe (a), féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, údarú a dheonú chun infheistíocht a dhéanamh trí idirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 17(1), má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur chun críoch bia, talmhaíochta, leighis nó chun críoch daonchairdiúla eile an infheistíocht; agus

(b) sna cásanna sin ina ndéantar an infheistíocht i nduine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine atá ag gabháil do mhonarú earraí nó teicneolaíochta atá i nGrúpa na Soláthraithe Núicléacha nó i liostaí an Chórais Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán, gur chinn an Coiste Smachtbhannaí roimh ré agus ar bhonn cás ar chás gur léir nach gcuirfeadh an t-idirbheart le forbairt teicneolaíochtaí chun tacú le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de, ná le forbairt córas seachadta arm núicléach.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas, laistigh de 4 seachtaine, faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo.

Airteagal 20

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 17(2), pointe (b), maidir le hiasacht airgeadais nó creidmheas airgeadais a dheonú ná maidir le rannpháirtíocht a fháil nó síneadh a chur léi, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go gceanglaítear an t-idirbheart le comhaontú nó le conradh a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025; agus

(b) gur cuireadh an t-údarás inniúil ar an eolas 20 lá oibre ar a laghad roimh an gcomhaontú nó roimh an gconradh sin.

Airteagal 21

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 17(2), pointe (c), maidir le hiasacht airgeadais nó creidmheas airgeadais a dheonú ná maidir le rannpháirtíocht a fháil nó síneadh a chur léi, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go gceanglaítear an t-*idirbheart* le comhaontú nó le conradh a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025; agus

(b) gur cuireadh an t-údarás inniúil ar an eolas 20 lá oibre ar a laghad roimh an gcomhaontú nó roimh an gconradh sin.

Airteagal 22

Beidh toirmeasc ar ghlacadh nó ar fhormheas, trí chomhaontú a thabhairt i gcrích nó ar aon mhodh eile, go ndeonóidh duine, eintiteas nó comhlacht amháin nó níos mó de chuid na hIaráine aon iasacht nó creidmheas airgeadais, nó go bhfaighidh sé rannpháirtíocht nó go gcuirfidh sé síneadh léi, nó go gcruthóidh sé aon chomhfhiontar, i bhfiontar atá ag gabháil d'aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) mianadóireacht úráiniam,

(b) saibhriú úráiniam agus athphróiseáil úráiniam;

(c) monarú earraí nó teicneolaíochta a áirítear i liostaí Ghrúpa na Soláthróirí Núicléacha nó an Chórais Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán.';

(10) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Gan dochar do na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagail 24, 25, 26, 27, 28, 28a nó 29, beidh toirmeasc ar sheirbhísí speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar, a úsáidtear chun sonraí airgeadais a mhalartú chuig na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní VIII agus IX.';

(11) scriostar Airteagal 23a;

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 24 go 28a:

'*Airteagal 24*

De mhaolú ar Airteagal 23, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoi réir lian breithiúnach, riaracháin nó eadrána arna bhunú roimh an dáta a bheidh an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 23 ainmnithe ag an gCoiste Smachtbhannaí, ag an gComhairle Slándála nó ag an gComhairle nó faoi réir breithiúnas breithiúnach, riaracháin nó eadrána a tugadh roimh an dáta sin;

(b) go mbainfear leas as na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha chun éilimh a ráthaítear leis an lian sin a chomhlíonadh nó chun éilimh a aithnítear mar éilimh bhailí sa bhreithiúnas sin a chomhlíonadh, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le dlíthe agus rialacháin is infheidhme lena rialaítear cearta daoine a bhfuil na héilimh sin acu;

(c) nach chun tairbhe duine, eintitis nó comhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn VIII nó IX atá an lian nó an breithiúnas;

(d) nach bhfuil sé in aghaidh an bheartais phoiblí sa Bhallstát lena mbaineann an lian nó an breithiúnas a aithint; agus

(e) i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 23(1), gur thug Ballstát an liain nó an bhreithiúnais fógra don Choiste Smachtbhannaí.

Airteagal 25

De mhaolú ar Airteagal 23, agus ar choinníoll go bhfuil íocaíocht ag duine, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinní VIII nó IX dlite faoi chonradh nó faoi chomhaontú a thug an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann i gcrích, nó faoi oibleagáid a tháinig chun cinn don duine, don eintiteas nó don chomhlacht lena mbaineann, roimh an dáta a d'ainmnigh an Coiste Smachtbhannaí, an Chomhairle Slándála nó an Chomhairle an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht sin, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur chinn an t-údarás inniúil lena mbaineann an méid seo a leanas:

(i) go mbainfear leas as na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha le haghaidh na híocaíochta ag duine, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinní VIII nó IX;

(ii) nach rannchuideoidh an íocaíocht le gníomhaíocht a thoirmisctear faoin Rialachán seo; má fheidhmíonn an íocaíocht mar chomaoin i leith gníomhaíocht trádála a rinneadh cheana agus má thug údarás inniúil Ballstáit eile deimhniú roimh ré nach raibh an ghníomhaíocht toirmiscthe an tráth a rinneadh í, measfar, *prima facie*, nach rannchuideoidh an íocaíocht le gníomhaíocht thoirmiscthe;

(iii) nach sárú ar Airteagal 23(3) í an íocaíocht sin; agus

(b) i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 23(1), go mbeidh fógra tugtha ag an mBallstát lena mbaineann don Choiste Smachtbhannaí faoin gcinntiúchán sin agus faoin rún atá aige údarú a dheonú, agus nach mbeidh agóid déanta ag an gCoiste Smachtbhannaí i gcoinne na gníomhaíochta sin laistigh de 10 lá oibre ón bhfógra a fháil.

Airteagal 26

1. De mhaolú ar Airteagal 23, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur chinn an t-údarás inniúil lena mbaineann an méid seo a leanas maidir leis na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha:

(i) go bhfuil ga leo chun bunriachtanais na ndaoine a liostaítear in Iarscríbhinn VIII nó Iarscríbhinn IX agus bunriachtanais a mbaill teaghlaigh chleithiúnacha sin a shásamh, lena n-áirítear íocaíochtaí as earraí bia, cíos nó morgáiste, leigheasra agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;

(ii) go bhfuil siad beartaithe go heisiach lena n-úsáid chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc agus speansais arna taobhú a aisíoc, ar speansais iad a ghabhann le seirbhísí dlí a sholáthar;

(iii) go bhfuil siad beartaithe go heisiach lena n-úsáid chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a choinneáil ar bun ar bhonn rialta; nó

(iv) go bhfuil siad beartaithe go heisiach chun na táillí atá dlite i ndáil le soithí a dhíchlárú a íoc; agus

(b) i gcás ina mbaineann an t-údarú le duine, eintiteas nó comhlach a liostaítear in Iarscríbhinn VIII, go mbeidh fógra tugtha ag an mBallstát lena mbaineann don Choiste Smachtbhannaí faoin gcinntiúchán dá dtagraítear i bpointe (a) agus faoin rún atá aige údarú a dheonú, agus nach mbeidh agóid déanta ag an gCoiste Smachtbhannaí i gcoinne na gníomhaíochta sin laistigh de 5 lá oibre ón bhfógra a fháil.

2. De mhaolú ar Airteagal 23, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha riachtanach le haghaidh costais urghnácha nó chun íoc as earraí nó iad a aistriú nuair a sholáthraítear iad le haghaidh imoibreoir éadromuisce san Iaráin ar cuireadh tús lena thógáil roimh an 30 Meán Fómhair 2025, nó le haghaidh aon earra chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 6, pointí (b) agus (c), ar choinníoll, i gcás ina mbaineann an t-údarú le duine, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn VIII, go bhfuil fógra tugtha don Choiste Smachtbhannaí faoin gcinneadh sin ag an mBallstát lena mbaineann agus go bhfuil an cinntiúchán formheasta ag an gCoiste sin.

Airteagal 27

De mhaolú ar Airteagal 23(2) agus (3), féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha chun críoch oifigiúil misean taidhleoireachta nó consalachta nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

Airteagal 28

De mhaolú ar Airteagal 23(2), féadfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a údarú freisin, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí:

(a) cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe de chuid Bhanc Ceannais na hIaráine a scaoileadh, tar éis a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha chun leachtacht a sholáthar d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais chun trádáil a mhaoiniú, nó chun iasachtaí trádála a sheirbhísiú; nó

(b) cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe atá i seilbh Bhanc Ceannais na hIaráine a scaoileadh, tar éis a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha chun éileamh atá dlite faoi chonradh nó faoi chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine a aisíoc roimh an 30 Meán Fómhair 2025 i gcás ina bhforáiltear sa chonradh nó sa chomhaontú sin go n-aisíocfar méideanna gan íoc le daoine, eintitis nó comhlachtaí atá faoi dhlínse na mBallstát;

ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha ag an mBallstát lena mbaineann do na Ballstáit eile agus don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe aige údarú a dheonú 10 lá oibre ar a laghad roimh an údarú.

Airteagal 28a

Ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagal 23(2) agus (3) maidir le gníomhartha agus idirbhearta a dhéantar maidir le heintitis a liostaítear in Iarscríbhinn IX:

(a) a bhfuil cearta acu a dhíorthaítear ó dhámhachtain bhunaidh roimh an 30 Meán Fómhair 2025, ag Rialtas ceannasach seachas an Iaráin, de chomhaontú maidir le comhroinnt táirgeachta dá dtagraítear in Airteagal 39, a mhéid a bhaineann na gníomhartha agus na hidirbhearta sin le rannpháirtíocht na n-eintiteas sin sa chomhaontú sin;

(b) a mhéid is gá chun na hoibleagáidí a eascraíonn as conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (b), a fhorghníomhú, go dtí an 1 Eanáir 2026, ar choinníoll gur údaraigh an t-údarás inniúil lena mbaineann na gníomhartha agus na hidirbhearta sin roimh ré, ar bhonn cás ar chás, agus gur chuir an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas go bhfuil sé beartaithe aige údarú a dheonú.';

(13) scriostar Airteagal 28b;

(14) cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 29:

'*Airteagal 29*

1. Ní chuirfidh Airteagal 23(3) bac ar institiúidí airgeadais nó creidmheasa creidmheas a chur le cuntais reoite i gcás ina bhfaigheann siad cistí arna n-aistriú chuig cuntas duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, ar choinníoll go ndéanfar aon mhéid a chuirtear leis na cuntais sin a reo freisin. Cuirfidh an institiúid airgeadais nó creidmheasa na húdaráis inniúla ar an eolas faoi idirbhearta den sórt sin gan mhoill.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 23(3) maidir leis na nithe seo a leanas a chuirtear le cuntais reoite:

(a) ús nó tuilleamh eile ar na cuntais sin; nó

(b) íocaíochtaí atá dlite faoi chonarthaí, comhaontuithe nó oibleagáidí a tugadh i gcrích nó a tháinig chun cinn roimh an dáta a d'ainmnigh an Coiste Smachtbhannaí, an Chomhairle Slándála nó an Chomhairle an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 23;

ar choinníoll go ndéantar aon ús den sórt sin agus aon tuilleamh agus íocaíocht eile a reo i gcomhréir le h Airteagal 23(1) nó (2).

3. Ní fhorléireofar an tAirteagal seo mar airteagal lena n-údaraítear aistrithe cistí dá dtagraítear in Airteagal 30.';

(15) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 30*

1. Beidh toirmeasc ar chistí a aistriú idir, ar thaobh amháin, institiúidí airgeadais agus creidmheasa a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo mar a shainítear in Airteagal 49, agus, ar an taobh eile:

(a) institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus *bureaux de change* a bhfuil sainchónaí orthu san Iaráin;

(b) brainsí agus fochuideachtaí, i gcás ina dtagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo, de chuid institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus *bureaux de change* a bhfuil sainchónaí orthu san Iaráin;

(c) brainsí agus fochuideachtaí, i gcás nach dtagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo, de chuid institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus *bureaux de change* a bhfuil sainchónaí orthu san Iaráin; agus

(d) institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus *bureaux de change* nach bhfuil sainchónaí orthu san Iaráin ach atá á rialú ag daoine, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil sainchónaí orthu san Iaráin,

seachas má thagann na haistrithe sin faoi raon feidhme mhír 2 agus gur próiseáladh iad i gcomhréir le mír 3.

2. Féadfar na haistrithe seo a leanas a údarú i gcomhréir le mír 3:

(a) aistrithe maidir le hearraí bia, cúram sláinte, trealamh leighis, nó chun críoch talmhaíochta nó daonnúla;

(b) aistrithe maidir le híocaíochtaí pearsanta;

(c) aistrithe i ndáil le conradh trádála sonrach ar choinníoll nach bhfuil an t-aistriú sin toirmiscthe faoin Rialachán seo;

(d) aistrithe maidir le misin taidhleoireachta nó poist chonsalachta nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu de réir an dlí idirnáisiúnta, a mhéid atá sé beartaithe na haistrithe sin a úsáid chun críocha oifigiúla na misean taidhleoireachta nó na bpost consalachta nó na n-eagraíochtaí a bhfuil díolúintí acu de réir an dlí idirnáisiúnta;

(e) aistrithe maidir le híocaíocht chun éilimh ó dhuine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó ina gcoinne a shásamh, nó aistrithe den chineál céanna ar choinníoll nach rannchuidíonn siad leis na gníomhaíochtaí a thoirmisctear faoin Rialachán seo, ar bhonn cás ar chás, má tá fógra tugtha ag an mBallstát lena mbaineann do na Ballstáit eile agus don Choimisiún 10 lá ar a laghad roimh ré go bhfuil sé beartaithe aige údarú a dheonú;

(f) na haistrithe is gá chun na hoibleagáidí a eascraíonn as conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (b), a fhorghníomhú.

3. Déanfar aistrithe cistí a fhéadfar a údarú faoi mhír 2 a phróiseáil mar a leanas:

(a) déanfar aistrithe dlite ar idirbhearta a bhaineann le hearraí bia, cúram sláinte, trealamh leighis, nó chun críoch talmhaíochta nó daonnúla, ar lú iad ná EUR 100 000 nó a choibhéis, agus aistrithe atá dlite ar idirbhearta maidir le híocaíochtaí pearsanta, faoi bhun EUR 40 000 nó a choibhéis, gan aon údarú a fháil roimh ré.

Tabharfar fógra i scríbhinn roimh ré d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann maidir leis an aistriú má tá sé cothrom le EUR 10 000 nó níos mó ná sin nó a choibhéis;

(b) i gcás aistrithe dlite ar idirbhearta a bhaineann le hearraí bia, cúram sláinte, trealamh leighis, nó chun críoch talmhaíochta nó daonnúla, atá cothrom le EUR 100 000 nó a choibhéis nó os a chionn sin, agus aistrithe atá dlite ar idirbhearta maidir le híocaíochtaí pearsanta, atá cothrom le EUR 40 000 nó a choibhéis nó os a chionn, ceanglófar réamhúdarú ó údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann de bhun mhír 2.

Cuirfidh na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú gach 3 mhí;

(c) beidh údarú roimh ré ó údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann de bhun mhír 2 ag teastáil maidir le haon aistriú eile atá cothrom le EUR 10 000 nó a choibhéis nó os a chionn sin.

Cuirfidh na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú gach 3 mhí.

4. Maidir le haistrithe cistí faoi bhun EUR 10 000 nó a gcoibhéis, ní bheidh gá le haon réamhúdarú ná fógra a thabhairt ina leith.

5. Fógraí agus iarrataí ar údaruithe a bhaineann le haistriú cistí chuig eintiteas a thagann faoi raon feidhme mhír 1, pointí (a) go (d), déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra iad a sheoladh chuig údaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta bunaithe, nó seolfar thar a cheann iad.

Fógraí agus iarrataí ar údaruithe a bhaineann le haistriú cistí ó eintiteas a thagann faoi raon feidhme mhír 1, pointí (a) go (d), déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí iad a sheoladh chuig údaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta bunaithe, nó seolfar thar a cheann iad.

Mura dtagann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra nó an íocaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo, i gcás aistriú chuig eintiteas a thagann faoi raon feidhme mhír 1, pointí (a) go (d), seolfaidh an t-íocóir fógraí agus iarrataí ar údarú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an íocóir, agus i gcás aistriú ó eintiteas a thagann faoi raon feidhme mhír 1, pointí (a) go (d), seolfaidh an t-íocaí fógraí agus iarrataí ar údarú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an íocaí.

6. Déanfaidh institiúidí creidmheasa agus airgeadais a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ina ngníomhaíochtaí le heintitis dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (d), agus chun sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a chosc, forairdeall níos géire mar a leanas:

(a) déanfaidh siad forairdeall leanúnach ar ghníomhaíocht chuntais, go háirithe trína gcláir maidir le dícheall cuí custaiméara;

(b) ceanglóidh siad go gcomhlánófar na réimsí faisnéise uile a bhaineann le tionscnóir agus tairbhí an idirbhirt i gceist i dtreoracha íocaíochta agus, mura soláthraítear an fhaisnéis sin, diúltóidh siad an t-idirbheart;

(c) déanfaidh taifid uile na n-idirbheart a choinneáil ar feadh tréimhse 5 bliana agus iad a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta arna iarraidh sin dóibh;

(d) má tá forais réasúnacha acu chun amhras a bheith orthu go bhféadfadh gníomhaíochtaí le hinstitiúidí creidmheasa agus airgeadais a bheith ag sárú fhorálacha an Rialacháin seo, déanfaidh siad a n-amhras a thuairisciú gan mhoill don aonad um fhaisnéis airgeadais (AFA) nó d'údarás inniúil eile arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann, gan dochar d'Airteagail 5 agus 23. Feidhmeoidh AFA nó an t-údarás inniúil eile sin mar lárionad náisiúnta chun tuairiscí ar idirbhearta amhrasacha maidir le sáruithe féideartha ar an Rialachán seo a fháil agus a anailísiú. Beidh rochtain ag AFA nó ag údarás inniúil eile den sórt sin, go díreach nó go hindíreach, ar bhonn tráthúil ar an bhfaisnéis airgeadais, riaracháin agus forfheidhmithe dlí a theastaíonn uaidh chun tabhairt faoina fheidhmeanna go cuí, lena n-áirítear anailís ar thuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha.

Airteagal 30a

1. Déanfar aistrithe cistí chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, agus uaidh, nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 30(1) a phróiseáil mar a leanas:

(a) déanfar aistrithe atá dlite ar idirbhearta maidir le hearraí bia, cúram sláinte, trealamh leighis, nó chun críoch talmhaíochta nó daonnúla gan aon údarú a fháil roimh ré.

Tabharfar fógra i scríbhinn roimh ré d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann maidir leis an aistriú má tá sé cothrom le EUR 10 000 nó níos mó ná sin nó a choibhéis;

(b) déanfar aon aistriú eile faoi bhun EUR 40 000 nó a choibhéis gan aon údarú a fháil roimh ré.

Tabharfar fógra i scríbhinn roimh ré d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann maidir leis an aistriú má tá sé cothrom le EUR 10 000 nó níos mó ná sin nó a choibhéis;

(c) beidh údarú roimh ré ó údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann ag teastáil maidir le haon aistriú eile atá cothrom le EUR 40 000 nó a choibhéis nó os a chionn sin.

Cuirfidh na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi aon údarú arna dhiúltú gach 3 mhí.

2. Maidir le haistrithe cistí faoi bhun EUR 10 000 nó a gcoibhéis, ní bheidh gá le haon réamhúdarú ná fógra a thabhairt ina leith.

3. Déanfar fógraí agus iarrataí ar údarú a bhaineann le haistriú cistí a phróiseáil mar a leanas:

(a) i gcás aistrithe leictreonacha cistí arna bpróiseáil ag institiúidí creidmheasa nó airgeadais:

(i) fógraí agus iarrataí ar údaruithe a bhaineann le haistriú cistí chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra iad a sheoladh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta bunaithe, nó seolfar thar a cheann iad;

(ii) fógraí agus iarrataí ar údaruithe a bhaineann le haistriú cistí ó dhuine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí iad a sheoladh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta bunaithe, nó seolfar thar a cheann iad;

(iii) sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (i) agus (ii), mura dtagann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra nó an íocaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo, i gcás aistriú chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, seolfaidh an t-íocóir fógraí agus iarrataí ar údarú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an íocóir, agus i gcás aistriú ó dhuine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, seolfaidh an t-íocaí fógraí agus iarrataí ar údarú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an íocaí;

(iv) fógraí agus iarrataí ar údaruithe a bhaineann le haistriú cistí chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine atá lonnaithe laistigh den Aontas, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí iad a sheoladh chuig údaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta bunaithe, nó seolfar thar a cheann iad;

(v) fógraí agus iarrataí ar údaruithe a bhaineann le haistriú cistí ó dhuine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine atá lonnaithe laistigh den Aontas, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra iad a sheoladh chuig údaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta bunaithe, nó seolfar thar a cheann iad;

(vi) sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (iv) agus (v), mura dtagann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra nó an íocaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo, i gcás aistriú chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, seolfaidh an t-íocóir fógraí agus iarrataí ar údarú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an íocaí, agus i gcás aistriú ó dhuine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine, seolfaidh an t-íocaí fógraí agus iarrataí ar údarú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an íocóir;

(vii) i ndáil le haistriú cistí chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó uaidh, i gcás nach dtagann an t-íocóir ná an t-íocaí, ná a soláthraithe seirbhíse íocaíochta faoi seach, faoi raon feidhme an Rialacháin seo ach go ngníomhaíonn soláthraí seirbhíse íocaíochta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo mar idirghabhálaí, ní mór don soláthraí seirbhíse íocaíochta sin an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le fógra a thabhairt nó údarú a lorg, de réir mar is infheidhme, más eol dó, nó má tá cúis réasúnach aige amhras a bheith air, go bhfuil an t-aistriú chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine nó ó dhuine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine. I gcás ina bhfuil níos mó ná soláthraí seirbhíse íocaíochta amháin ag gníomhú mar idirghabhálaí, ní cheanglaítear ach ar an gcéad soláthraí seirbhíse íocaíochta a phróiseálann an t-aistriú an oibleagáid maidir le fógra a thabhairt nó údarú a lorg a chomhlíonadh, de réir mar is infheidhme. Ní mór aon fhógra nó aon iarraidh ar údarú a dhíriú chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta bunaithe;

(viii) i gcás ina mbeidh níos mó ná soláthraí seirbhíse íocaíochta amháin rannpháirteach i sraith aistrithe cistí nasctha, áireofar le haistrithe laistigh den Aontas tagairt don údarú a deonaíodh faoin Airteagal seo;

(b) i gcás aistrithe cistí a dhéantar trí mheáin neamhleictreonacha, déanfar fógraí agus iarrataí ar údarú a bhaineann le haistriú cistí a phróiseáil mar a leanas:

(i) seolfaidh an t-íocóir fógraí agus iarrataí ar údarú a bhaineann le haistrithe chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an íocóir;

(ii) seolfaidh an t-íocaí fógraí agus iarrataí ar údarú a bhaineann leis na haistrithe chuig duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an íocaí.

Airteagal 30b

1. I gcás inar deonaíodh údarú i gcomhréir le hAirteagail 24, 25, 26, 27, 28 nó 28a, ní bheidh feidhm ag Airteagal 30 ná ag Airteagal 30a.

Beidh an ceanglas maidir le réamhúdarú i leith aistrithe cistí dá bhforáiltear in Airteagal 30(3), pointí (b) agus (c), gan dochar d'fhorghníomhú aistrithe cistí ar tugadh fógra ina leith don údarás inniúil nó a d'údaraigh an t-údarás inniúil roimh an 30 Meán Fómhair 2025. Déanfar na haistrithe cistí sin roimh an 1 Eanáir 2026.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 30 ná ag Airteagal 30a maidir le haistrithe cistí dá bhforáiltear in Airteagal 29.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 30(3) agus ag Airteagal 30a(1) is cuma an ndéantar an t-aistriú cistí in aon oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad nasctha.

Chun críocha an Rialacháin seo, áirítear le "hoibríochtaí a bhfuil an chuma orthu a bheith nasctha":

(a) sraith aistrithe comhleanúnacha ó na hinstitiúidí airgeadais nó creidmheasa céanna nó chucu laistigh de raon feidhme Airteagal 30(1), pointí (a) go (d), nó ón duine, eintiteas nó comhlacht céanna de chuid na hIaráine, nó chuige, a dhéantar i ndáil le hoibleagáid aonair maidir le haistriú cistí, i gcás ina dtiteann gach aistriú aonair faoi bhun na tairsí ábhartha a leagtar amach in Airteagail 30 agus 30a ach a chomhlíonann, sa chomhiomlán, na critéir maidir le fógra a thabhairt nó údarú; nó

(b) slabhra aistrithe lena mbaineann soláthraithe seirbhíse íocaíochta éagsúla nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha éagsúla as a n-eascraíonn oibleagáid aonair maidir le cistí a dhéanamh.

3. Chun críocha Airteagal 30(3), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 30a(1), pointe (c), deonóidh na húdaráis inniúla an t-údarú, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, mura bhfuil forais réasúnacha acu lena chinneadh go bhféadfadh aistriú na gcistí a bhfuil an t-údarú á iarraidh ina leith a bheith ag sárú aon cheann de na toirmisc nó na hoibleagáidí sa Rialachán seo.

Féadfaidh údarás inniúil táille a ghearradh as measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar údarú.

4. Chun críocha Airteagal 30a(1), pointe (c), measfar údarú a bheith deonaithe má tá iarraidh ar údarú faighte i scríbhinn ag údarás inniúil agus, laistigh de 4 seachtaine, nach ndearna an t-údarás inniúil agóid i scríbhinn i gcoinne aistriú cistí. Má dhéantar an agóid toisc go bhfuil imscrúdú ar feitheamh, luafaidh an t-údarás inniúil é sin agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl gan mhoill. Beidh rochtain ag na húdaráis inniúla, go díreach nó go hindíreach, ar bhonn tráthúil ar an bhfaisnéis airgeadais, riaracháin agus forfheidhmithe dlí is gá chun an t-imscrúdú a dhéanamh.

5. Ní thagann na daoine, na heintitis ná na comhlachtaí seo a leanas faoi raon feidhme Airteagail 30 agus 30a:

(a) daoine, eintitis nó comhlachtaí nach ndéanann ach doiciméid pháipéir a thiontú ina sonraí leictreonacha agus atá ag gníomhú faoi chonradh le hinstitiúid creidmheasa nó le hinstitiúid airgeadais;

(b) daoine, eintitis nó comhlachtaí nach soláthraíonn ach córas teachtaireachta nó tacaíochta eile chun cistí a tharchur d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais; nó

(c) daoine, eintitis nó comhlachtaí nach soláthraíonn ach córais um imréiteach agus um ghlanadh d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais.

Airteagal 31

1. Maidir le brainsí agus fochuideachtaí, a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo mar a shainítear in Airteagal 49, d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a bhfuil sainchónaí orthu san Iaráin, tabharfaidh siad fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe faoi gach aistriú cistí a rinne siad nó a fuair siad, ainmneacha na bpáirtithe agus méid agus dáta an idirbhirt, laistigh de 5 lá oibre tar éis dóibh an t-aistriú cistí lena mbaineann a chur i gcrích nó a fháil. Má tá an fhaisnéis ar fáil, ní mór a shonrú san fhógra cineál an idirbhirt agus, i gcás inarb iomchuí, cineál na n-earraí a chumhdaítear leis an idirbheart agus ní mór, go háirithe, a lua an gcumhdaítear na hearraí le hIarscríbhinní I, II, IIA, III, IV, IVA, V, VI, VIA, VIB, VII, VIIA nó VIIB den Rialachán seo agus, má tá a n-onnmhairiú faoi réir údaraithe, uimhir an cheadúnais a deonaíodh a shonrú.

2. Faoi réir na socruithe comhroinnte faisnéise agus i gcomhréir leo, déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtugtar fógra an fhaisnéis maidir le fógraí dá dtagraítear i mír 1 a tharchur gan mhoill, de réir mar is gá, chun cosc a chur ar aon idirbheart a d'fhéadfadh rannchuidiú le gníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogair nó le forbairt córas seachadta arm núicléach, chuig údaráis inniúla na mBallstát eile ina bhfuil contrapháirtithe na n-idirbheart sin bunaithe.

Airteagal 33

1. Toirmiscfear ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 49 aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) cuntas bainc nua a oscailt le hinstitiúid creidmheasa nó airgeadais a bhfuil sainchónaí uirthi san Iaráin nó le haon institiúid creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 30(1);

(b) gaolmhaireacht baincéireachta comhfhreagraí nua a bhunú le hinstitiúid creidmheasa nó airgeadais a bhfuil sainchónaí uirthi san Iaráin nó le haon institiúid creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 30(1);

(c) oifig ionadaíoch nua a oscailt san Iaráin nó brainse nó fochuideachta nua a bhunú san Iaráin;

(d) comhfhiontar nua a bhunú le hinstitiúid creidmheasa nó airgeadais a bhfuil sainchónaí uirthi san Iaráin nó le haon institiúid creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 30(1).

2. Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) údarú a thabhairt oifig ionadaíoch a oscailt nó brainse nó fochuideachta a bhunú san Aontas d'institiúid creidmheasa nó airgeadais a bhfuil sainchónaí uirthi san Iaráin nó d'aon institiúid creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 30(1);

(b) comhaontuithe a thabhairt i gcrích le haghaidh, nó thar ceann, institiúid creidmheasa nó airgeadais a bhfuil sainchónaí uirthi san Iaráin nó le haghaidh, nó thar ceann, aon institiúid creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 30(1) a bhaineann le hoifig ionadaíoch a oscailt nó brainse nó fochuideachta a bhunú san Aontas;

(c) údarú a dheonú chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa agus an gnó sin a shaothrú nó le haghaidh aon ghnó eile a éilíonn údarú roimh ré, ó oifig ionadaíoch, brainse nó fochuideachta d'institiúid creidmheasa nó airgeadais a bhfuil sainchónaí uirthi san Iaráin nó d'aon institiúid creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 30(1), mura raibh an oifig ionadaíoch, an brainse nó an fhochuideachta oibríochtúil roimh an 30 Meán Fómhair 2025;

(d) rannpháirtíocht á fáil nó síneadh a chur léi, nó aon leas úinéireachta eile á fháil, in institiúid creidmheasa nó airgeadais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 49 ag aon institiúid creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 30(1).

Airteagal 34

Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) bannaí poiblí nó bannaí arna ráthú go poiblí a eisíodh tar éis an 30 Meán Fómhair 2025 a dhíol nó a cheannach, go díreach nó go hindíreach, le haon cheann díobh seo a leanas nó uathu:

  (i) an Iaráin nó a Rialtas, agus a comhlachtaí poiblí, a corparáidí agus a gníomhaireachtaí;

  (ii) institiúid creidmheasa nó airgeadais a bhfuil sainchónaí uirthi san Iaráin nó aon institiúid creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 30(1);

  (iii) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i bpointe (i) nó (ii);

  (iv) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i bpointe (i), (ii) nó (iii);

(b) seirbhísí bróicéireachta a sholáthar maidir le bannaí poiblí nó bannaí arna ráthú go poiblí a eisíodh tar éis an 30 Meán Fómhair 2025 do dhuine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) cúnamh a thabhairt do dhuine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a) chun bannaí poiblí nó bannaí arna ráthú go poiblí a eisiúint, trí sheirbhísí bróicéireachta, fógraíocht nó aon seirbhís eile a sholáthar maidir leis na bannaí sin.

Airteagal 35

1. Beidh toirmeasc ar árachas nó athárachas a sholáthar, nó ar bhróicéireacht a dhéanamh ar árachas nó athárachas a sholáthar dóibh seo a leanas:

(a) an Iaráin nó a Rialtas, agus a comhlachtaí poiblí, a corparáidí agus a gníomhaireachtaí;

(b) duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine seachas duine nádúrtha; nó

(c) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht agus é ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b).

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (a) agus (b), maidir le sláthar nó bróicéireacht árachais éigeantaigh nó árachais tríú páirtí nó athárachais do dhaoine, d'eintitis agus do chomhlachtaí de chuid na hIaráine atá bunaithe san Aontas, ná maidir le hárachas a sholáthar do mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na hIaráine san Aontas.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (c), maidir le hárachas a sholáthar nó bróicéireacht árachais, lena n-áirítear árachas sláinte agus taistil nó athárachas, do dhaoine aonair atá ag gníomhú ina gcáil phríobháideach, cé is moite de dhaoine a liostaítear in Iarscríbhinní VIII agus IX.

Ní chuirfidh mír 1, pointe (c), cosc ar sholáthar árachais nó athárachais nó bróicéireacht árachais d'úinéir soithigh, aerárthaigh nó feithicle atá cairtfhostaithe ag duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) nó (b).

Chun críocha mhír 1, pointe (c), ní mheasfar duine, eintiteas nó comhlacht a bheith ag gníomhú faoi threoir duine, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), i gcás ina bhfuil an treoir sin chun críoch duga, luchtaithe, díluchtaithe nó idirthurais shábháilte soithigh nó aerárthaigh go sealadach in uiscí nó in aerspás na hIaráine.

4. Toirmisctear leis an Airteagal seo athnuachan a dhéanamh ar chomhaontuithe árachais agus athárachais a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025 nó síneadh a chur leo, ach, gan dochar d'Airteagal 23(3), ní thoirmisctear leis comhlíonadh comhaontuithe a tugadh i gcrích roimh an dáta sin.';

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 36 agus 37:

'**CAIBIDIL VI**

SRIANTA AR IOMPAR

Airteagal 36

1. Chun aistriú earraí agus teicneolaíochta atá cumhdaithe ag an Liosta Comhchoiteann Míleata a chosc nó chun cosc a chur ar a soláthar, a ndíol, a n-aistriú, a n-onnmhairiú nó a n-allmhairiú atá toirmiscthe leis an Rialachán seo, agus sa bhreis ar an oibleagáid an fhaisnéis réamhtheachta agus réamhimeachta a sholáthar do na húdaráis inniúla mar a chinntear sna forálacha ábhartha a bhaineann le dearbhuithe iontrála agus imeachta achomair chomh maith le dearbhuithe custaim i Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle (*) agus i Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún (**), dearbhóidh an duine a sholáthraíonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo an bhfuil na hearraí cumhdaithe ag an Liosta Comhchoiteann Míleata nó ag an Rialachán seo agus, i gcás ina mbeidh a n-onnmhairiú faoi réir údaraithe, sonróidh sé sonraí an cheadúnais onnmhairiúcháin a deonaíodh.

2. Déanfar na heilimintí breise is gá dá dtagraítear san Airteagal seo a thíolacadh i scríbhinn nó trí úsáid a bhaint as dearbhú custaim de réir mar is iomchuí.

Airteagal 37

1. Toirmiscfear seirbhísí buncaeireachta nó soláthair loinge, nó aon seirbhísiú eile ar shoithí, a sholáthar do shoithí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, ag duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine i gcás ina bhfuil faisnéis ag soláthraithe na seirbhíse, lena n-áirítear faisnéis ó na húdaráis inniúla chustaim ar bhonn na faisnéise réamhtheachta agus réamhimeachta dá dtagraítear in Airteagal 36, lena dtugtar forais réasúnacha chun a chinneadh go n-iompraíonn na soithí earraí a chumhdaítear leis an Liosta Comhchoiteann Míleata nó earraí a bhfuil toirmeasc ar a soláthar, a ndíol, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoin Rialachán seo, ach amháin más gá na seirbhísí sin a sholáthar chun críoch daonnúil agus sábháilteachta.

2. Toirmiscfear seirbhísí innealtóireachta agus cothabhála a sholáthar d'aerárthaí lastais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, ag duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine i gcás ina bhfuil faisnéis ag soláthraithe na seirbhíse, lena n-áirítear faisnéis ó na húdaráis chustaim inniúla ar bhonn na faisnéise réamhtheachta agus réamhimeachta dá dtagraítear in Airteagal 36, lena dtugtar forais réasúnacha chun a chinneadh go n-iompraíonn na haerárthaí lastais earraí a chumhdaítear leis an Liosta Comhchoiteann Míleata nó earraí a bhfuil toirmeasc ar a soláthar, a ndíol, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoin Rialachán seo, ach amháin más gá na seirbhísí sin a sholáthar chun críoch daonnúil agus sábháilteachta.

3. Beidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo go dtí go ndéanfar an lastas a iniúchadh agus, más gá, go dtí go n-urghabhfar nó go ndiúscrófar é, de réir mar a bheidh.

I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó leis an gcinneadh ó údarás inniúil, féadfar aon urghabháil agus diúscairt a dhéanamh ar chostas an allmhaireora nó féadfar í a aisghabháil ó aon duine nó eintiteas eile atá freagrach as iarracht a dhéanamh soláthar, díol, aistriú nó onnmhairiú aindleathach a dhéanamh.

(*) Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail (IO L 302, 19.10.1992, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1992/2913/oj).

(**) Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1993/2454/oj).';

(17) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 37a*

1. Toirmiscfear soláthar na seirbhísí seo a leanas i ndáil le tancaeir ola agus soithí lastais a bhfuil bratach Phoblacht Ioslamach na hIaráine ar foluain acu nó atá faoi úinéireacht, cairtfhostaithe, nó á n-oibriú, go díreach nó go hindíreach, ag duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine:

(a) seirbhísí aicmiúcháin d'aon chineál a sholáthar, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

(i) táirgeadh agus cur i bhfeidhm rialacha aicmithe nó sonraíochtaí teicniúla a bhaineann le dearadh, tógáil, trealamh agus cothabháil long, chomh maith le córais bhainistíochta ar bord loinge;

(ii) suirbhéanna agus cigireachtaí a dhéanamh de réir rialacha agus nósanna imeachta aicmithe;

(iii) nodaireacht aicme a shannadh agus deimhnithe um chomhlíonadh rialacha nó sonraíochtaí aicmiúcháin a sheachadadh, a fhormhuiniú nó a athnuachan;

(b) maoirseacht a dhéanamh ar dhearadh, tógáil agus deisiú long agus a bpáirteanna, lena n-áirítear bloic, eilimintí, innealra, suiteálacha leictreacha agus suiteáil rialaithe, agus páirt a ghlacadh iontu, chomh maith le cúnamh teicniúil gaolmhar, maoiniú gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar;

(c) trealamh muirí, ábhair agus comhpháirteanna a iniúchadh, a thástáil agus a dheimhniú, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an tsuiteáil ar bord agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhtháthú an chórais;

(d) suirbhéanna, cigireachtaí, iniúchtaí agus cuairteanna a dhéanamh agus na deimhnithe agus na doiciméid chomhlíontachta iomchuí a eisiúint, a athnuachan nó a fhormhuiniú, thar ceann chóras riaracháin an Bhratstáit, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú (SOLAS 1974) agus Prótacal 1988 a ghabhann leis; an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, arna mhodhnú le Prótacal 1978 a bhaineann leis, arna leasú (MARPOL 73/78); an Coinbhinsiún maidir leis na Rialacháin Idirnáisiúnta chun Imbhualadh ar Muir a Chosc, 1972, arna leasú (COLREG 1972); an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínte, 1966 (LL 1966) agus Prótacal 1988 a ghabhann leis; an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 , arna leasú (STCW); agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Tonnáiste Long a Thomhas, 1969 (TONNAGE 1969).

2. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 ón 1 Eanáir 2026.

Airteagal 37b

1. Beidh toirmeasc ar shoithí atá deartha chun ola agus táirgí peitriceimiceacha a iompar nó a stóráil a chur ar fáil do na daoine/na heintitis/na comhlachtaí seo a leanas:

(a) aon duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine; nó

(b) aon duine, eintiteas nó comhlacht eile, ach amháin má tá gníomhaíocht iomchuí déanta ag soláthraithe soithí chun cosc a chur ar úsáid an tsoithigh chun ola nó táirgí peitriceimiceacha de thionscnamh na hIaráine nó a onnmhairíodh ón Iaráin a iompar nó a stóráil.

2. Beidh an toirmeasc i mír 1 gan dochar d'fhorghníomhú oibleagáidí a eascraíonn as conarthaí agus conarthaí coimhdeacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointí (b) agus (c), agus in Airteagal 14(1), pointí (b) agus (c), ar choinníoll gur tugadh fógra don údarás inniúil de bhun Airteagal 12(1) nó Airteagal 14(1) maidir le hallmhairiú agus iompar amhola, peitriliam nó táirgí peitriceimiceacha de chuid na hIaráine.';

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38(1), pointe (a):

'(a) daoine, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe a liostaítear in Iarscríbhinní VIII agus IX';

(19) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 39*

Chun críocha Airteagail 8 agus 9, Airteagal 17(2), pointe (b), agus Airteagail 30 agus 35, ní mheasfar gur duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine é aon chomhlacht, eintiteas nó sealbhóir ceart a dhíorthaítear ó dhámhachtain bhunaidh roimh an 30 Meán Fómhair 2025 ag Rialtas ceannasach seachas an Iaráin, a bhfuil comhaontú maidir le comhroinnt táirgeachta aige. Sna cásanna sin agus i ndáil le hAirteagal 8, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ráthaíochtaí iomchuí don úsáideoir deiridh a éileamh ar aon chomhlacht nó eintiteas maidir le haon phríomhthrealamh nó príomhtheicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn VI a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú.';

(20) in Airteagal 40(1),cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) aon fhaisnéis lena n-éascófaí comhlíonadh an Rialacháin seo, amhail faisnéis faoi chuntais agus faoi mhéideanna arna reo i gcomhréir le hAirteagal 23, a sholáthar láithreach d'údaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil cónaí orthu nó ina bhfuil siad lonnaithe, agus an fhaisnéis sin a tharchur, go díreach nó trí na Ballstáit, chuig an gCoimisiún';

(21) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 41:

'*Airteagal 41*

Toirmiscfear páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh teacht timpeall ar na bearta in Airteagail 2, 4a, 4b, 5(1), 8, 9, 10a, 10b, 10d, 10e, 11, 13, 14a, 15a, 15b, 17, 22, 23, 30, 30a, 34, 35, 37a nó 37b.';

(22) in Airteagal 42, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3. Maidir le nochtadh na faisnéise dá dtagraítear in Airteagail 30 agus 31 de mheon macánta, dá bhforáiltear in Airteagail 30 agus 31, ag duine, eintiteas nó comhlacht a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó ag fostaí nó stiúrthóir an duine, an eintitis nó an chomhlachta sin, ní bheidh dliteanas de chineál ar bith ar an institiúid nó ar an duine nó ar a stiúrthóirí nó ar a fostaithe mar thoradh air.';

(23) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 43*

1. Féadfaidh Ballstát gach beart a mheasann sé a bheith riachtanach a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar oibleagáidí dlíthiúla ábhartha idirnáisiúnta, Aontais nó náisiúnta maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe agus maidir le cosaint an chomhshaoil i gcás ina bhféadfadh cur chun feidhme an Rialacháin seo difear a dhéanamh don chomhar le duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine.

2. Chun críche gníomhaíochta arna déanamh de bhun mhír 1, ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Airteagail 8 agus 9, Airteagal 17(2), pointe (b), Airteagal 23(2), agus Airteagail 30 agus 35.

3. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoin gcinntiúchán dá dtagraítear i mír 1 agus go bhfuil sé beartaithe aige údarú a dheonú 10 lá oibre ar a laghad roimh an údarú. I gcás bagairt ar an gcomhshaol agus/nó ar shláinte agus sábháilteacht oibrithe san Aontas a éilíonn gníomhaíocht phráinneach, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann údarú a dheonú gan fógra a thabhairt roimh ré agus tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún laistigh de 3 lá oibre tar éis dó an t-údarú a dheonú.

Airteagal 43a

1. De mhaolú ar Airteagail 8, 9, Airteagal 17(1) a mhéid a bhaineann le duine, eintiteas nó comhlacht de chuid na hIaráine dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointe (b), Airteagail 23(2) agus (3) a mhéid a thagraíonn siad do dhaoine, d'eintitis agus do chomhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IX, agus Airteagail 30 agus 35, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, gníomhaíochtaí a údarú a bhaineann le taiscéalaíocht nó saothrú hidreacarbón laistigh den Aontas a dhéantar de bhun ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht nó saothrú den sórt sin arna eisiúint ag Ballstát do dhuine, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn IX, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur eisíodh an ceadúnas chun hidreacarbóin a thaiscéaladh nó a shaothrú laistigh den Aontas roimh an dáta a ainmníodh an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn IX; agus

(b) go bhfuil gá leis an údarú chun damáiste don chomhshaol san Aontas a sheachaint nó a leigheas nó chun scrios buan luach an cheadúnais a chosc, lena n-áirítear tríd an bpíblíne agus an bonneagar a úsáidtear i dtaca leis an ngníomhaíocht cheadúnaithe a dhaingniú, ar bhonn sealadach. Féadfar bearta a dhéantar faoin reachtaíocht náisiúnta a áireamh san údarú sin.

2. Ní dheonófar an maolú dá bhforáiltear i mír 1 ach ar feadh cibé tréimhse is gá agus ní rachaidh a bhailíocht thar bhailíocht an cheadúnais a eisítear don duine, don eintiteas nó don chomhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn IX. I gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil gá le seachaíocht ar chonarthaí nó le soláthar slánaíochtaí, ní rachaidh tréimhse bhailíochta an mhaolaithe thar 5 bliana.

3. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe aige údarú a dheonú 10 lá oibre ar a laghad roimh an údarú. I gcás bagairt ar an gcomhshaol san Aontas a éilíonn gníomhaíocht phráinneach chun damáiste don chomhshaol a sheachaint, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann údarú a dheonú gan fógra a thabhairt roimh ré agus tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún laistigh de 3 lá oibre tar éis dó an t-údarú a dheonú.';

(24) in Airteagal 44(1),cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) i dtaca le cistí a reoitear faoi Airteagal 23 agus údaruithe a thugtar faoi Airteagail 24, 25, 26 agus 27';

(25) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 45 agus 46:

'*Airteagal 45*

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) Iarscríbhinn II a leasú ar bhonn cinntiúcháin a dhéanfaidh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó an Coiste Smachtbhannaí nó ar bhonn faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit;

(b) Iarscríbhinní IIA, III, IV, IVA, V, VI, VIA, VIB, VII, VIIA, VIIB agus X a leasú ar bhonn faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit.

Airteagal 46

1. I gcás ina liostóidh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó an Coiste Smachtbhannaí duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, áireoidh an Chomhairle an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin in Iarscríbhinn VIII.

2. I gcás ina gcinnfidh an Chomhairle duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a chur faoi réir na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 23(2) agus (3), leasóidh sí Iarscríbhinn IX dá réir sin.

3. Cuirfidh an Chomhairle a cinneadh, lena n-áirítear na forais atá leis an liostú, in iúl don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht dá dtagraítear i mír 1 nó mír 2, go díreach, más eol an seoladh, nó trí fhógra a fhoilsiú, lena dtabharfar deis don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht sin barúlacha a thíolacadh.

4. I gcás ina gcuirfear barúlacha isteach, nó i gcás ina gcuirfear fianaise nua shubstaintiúil i láthair, déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar a cinneadh agus cuirfidh sí an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht ar an eolas faoi dá réir.

5. I gcás ina ndéanfaidh na Náisiúin Aontaithe cinneadh duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a dhíliostú, nó leasú a dhéanamh ar shonraí aitheantais duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, déanfaidh an Chomhairle Iarscríbhinn VIII a leasú dá réir sin.

6. Athbhreithneofar an liosta in Iarscríbhinn IX go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad.';

(26) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BØDSKOV

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 267/2012 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

'IARSCRÍBHINN I

CUID A

Earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagail 2(1), (2) agus (4), 3(3), 5(1), 6, 8(4), 17(2) agus 31(1)

Cuimsítear san Iarscríbhinn seo na hearraí agus an teicneolaíocht go léir a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009, mar a shainítear san Iarscríbhinn sin, cé is moite díobh sin a shonraítear i gCuid A. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc ábhartha maidir leis an bhforghníomhú conarthaí go dtí an 1 Eanáir 2026, ar conarthaí iad a bhaineann le hearraí agus teicneolaíocht a shonraítear i gCuid C a tugadh i gcrích roimh an 30 Meán Fómhair 2025.

	Tuairisc
1.	Córais agus trealamh "slándála faisnéise" le haghaidh úsáid deiridh do sheirbhísí teileachumarsáide poiblí agus do sheirbhísí idirlín lena soláthraítear nó lena gcosnaítear an t-oibreoir líonra na seirbhísí sin, lena n-áirítear comhpháirteanna is gá maidir le hoibriú, suiteáil (lena n-áirítear suiteáil ar an láthair), cothabháil (seiceáil), deisiú, athchóiriú agus athfheistiú a bhaineann leis na córais agus le trealamh mar seo a leanas: a. Córais, trealamh, "cóimeálacha leictreonacha" feidhmchlár-shonracha, modúil agus ciorcaid iomlánaithe le haghaidh "slándáil faisnéise" a bhaineann le líonraí amhail Wi-Fi, 2G, 3G, 4G nó líonraí fosaithe (snáithín chlasaiceach, ADSL nó snáthoptaice), mar a leanas, agus comhpháirteanna lena n-aghaidh atá saindeartha le haghaidh "slándála faisnéise": *N.B.: Maidir le trealamh glacachta na gCóras Domhanda um LoingseoireachtSatailíte (GNSS) ina bhfuil díchriptiú nó ina n-úsáidtear díchriptiú (i.e. GPS nó GLONASS), féach 7A005 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.* 1. Atá deartha nó modhnaithe chun úsáid a bhaint as "cripteagrafaíocht" lena n-úsáidtear teicnící digiteacha lena ndéantar aon fheidhm chripteagrafach seachas fíordheimhniú nó síniú digiteach agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas: *Nótaí Teicniúla:* 1. Le feidhmeanna fíordheimhnithe agus sínithe dhigitigh, áirítear na feidhmeanna príomhbhainistithe a ghabhann leo. 2. Áirítear le fíordheimhniú gach gné de rialú rochtana nuair nach ndéantar aon chomhaid ná téacs a chriptiú ach amháin fad is a bhaineann go díreach le pasfhocail, Uimhreacha Aitheantais Phearsanta (Uimhreacha PIN) nó sonraí comhchosúla a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. 3. Ní áirítear le "Cripteagrafaíocht" teicnící comhbhrúite nó códúcháin do shonraí "fosaithe". *Nóta:* Áirítear le 1.a.1. trealamh atá deartha nó modhnaithe chun "cripteagrafaíocht" a úsáid, a mbaintear úsáid as prionsabail analógacha léi nuair a chuirtear chun feidhme í trí theicnící dhigiteacha. a. "Algartam siméadrach" lena n-úsáidtear fad eochrach ar faide é ná 56 ghiotán; nó b. "Algartam neamhshiméadrach" i gcás ina bhfuil slándáil an algartaim bunaithe ar aon cheann díobh seo a leanas: 1. Fachtóiriú lánuimhreacha ar mó iad ná 512 ghiotán (e.g. RSA); 2. Ríomh logartaim scoite i ngrúpa iolraitheach réimse críochta ar mó é ná 512 ghiotán (e.g. Diffie-Hellman thar Z/pZ); nó 3. Logartaim scoite i ngrúpa seachas mar a luaitear in 1.a.1.b.2. atá níos mó ná 112 giotán (e.g., Diffie-Hellman thar chuar éilipseach);
2.	"Bogearraí" mar seo a leanas, le haghaidh úsáid deiridh le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide poiblí, seirbhís idirlín a sholáthraíonn na seirbhísí sin nó a chosnaíonn an t-oibreoir líonra: a. "Bogearraí" atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun trealamh atá sonraithe in 1.a.1 nó "bogearraí" atá sonraithe in 2.b.1 a "úsáid"; b. "Bogearraí" sonracha, mar a leanas: 1. "Bogearraí" a bhfuil tréithe an trealaimh atá sonraithe in 5A002.a.1 acu, nó lena bhfeidhmítear nó lena n-ionsamhlaítear feidhmeanna an trealaimh sin;

	Tuairisc
3.	"Teicneolaíocht" de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht chun trealamh atá sonraithe in 1.a.1 nó "bogearraí" atá sonraithe in 2.a. nó 2.b.1 den liosta seo a "úsáid", le haghaidh úsáid deiridh do sheirbhísí teileachumarsáide poiblí agus seirbhísí idirlín lena soláthraítear na seirbhísí sin nó chun iad a chosaint ag oibreoir an líonra.

CUID B

Tá feidhm ag Airteagal 6 maidir leis na hearraí seo a leanas:

Ítim ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009	Tuairisc
0A001	"Imoibreoirí núicléacha" agus trealamh atá saindeartha nó sainullmhaithe dóibh agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, mar a leanas: a. "Imoibreoirí núicléacha"; b. Soithí miotail, nó mórpháirteanna a dhéantar i gceardlann dóibh, lena n-áirítear ceann soithigh an imoibreora do bhrúshoitheach imoibreora, atá saindeartha nó sainullmhaithe chun glacadh le croí "imoibreoirí núicléacha"; c. Trealamh láimhsithe atá saindeartha nó sainullmhaithe chun breosla a chur isteach nó a bhaint amach as "imoibreoir núicléach"; d. Riailmhaidí atá saindeartha nó sainullmhaithe chun an próiseas inscoilte a rialú in "imoibreoir núicléach", bonneagair thacaíochta nó chrochta dóibh, meicníochtaí tiomána agus feadáin threoracha na maidí; e. Brúfheadáin atá saindeartha nó sainullmhaithe le go mbeidh siad in ann glacadh le heilimintí breosla agus leis an bpríomhfhuarthán in "imoibreoir núicléach" ag brú oibríochta atá níos mó ná 5,1 MPa; f. Miotal agus cóimhiotail siorcóiniam i bhfoirm feadán nó cóimeálacha d'fheadáin inar lú an coibhneas d'haifniam le siorcóiniam ná 1:500 cuid de réir meáchain, atá saindeartha nó sainullmhaithe chun a n-úsáide in "imoibreoir núicléach"; g. Caidéil fuartháin atá saindeartha nó sainullmhaithe chun an príomhfhuarthán a imshruthú in "imoibreoirí núicléacha"; h. "Feisteas inmheánach imoibreora núicléach" atá saindeartha nó sainullmhaithe chun a úsáide in "imoibreoir núicléach", lena n-áirítear colúin tacaíochta don chroí, cainéil bhreosla, sciatha teirmeacha, sciatha, plátaí greille croí, agus plátaí réscaiptheacha; *Nóta: In 0A001.h. ciallaíonn "feisteas inmheánach imoibreora núicléach" aon bhonneagar mór laistigh de shoitheach imoibreora a bhfuil feidhm amháin nó níos mó aige ar nós tacaíocht a thabhairt don chroí, ailíniú breosla a chothabháil, sruth an phríomhfhuartháin a dhíriú, sciatha radaíochta a sholáthar do shoitheach an imoibreora agus ionstraimiú laistigh den chroí a threorú.* i. Malartóirí teasa (gineadóirí gaile) atá saindeartha nó sainullmhaithe lena n-úsáid i gciorcad an phríomhfhuartháin in "imoibreoir núicléach"; j. Ionstraimí braite agus táscacha atá saindeartha nó sainullmhaithe chun leibhéil flosca neodrón a thomhas laistigh de chroí "imoibreoir núicléach".
0C002	Úráiniam ísealsaibhrithe a chumhdaítear le 0C002 nuair atá sé ionchorpraithe in eilimintí breoslaí núicléacha cóimeáilte

CUID C

Ítim ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009	Tuairisc
5A002	Córais "slándála faisnéise", agus trealamh agus comhpháirteanna dá bharr, mar seo a leanas: a. Córais, trealamh, "cóimeálacha leictreonacha" feidhmchlár-shonracha, modúil agus ciorcaid iomlánaithe do "shlándáil faisnéise", mar seo a leanas agus comhpháirteanna eile atá saindeartha lena n-aghaidh: *N.B.: Maidir le trealamh glacachta na gCóras Domhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) ina bhfuil díchriptiú nó ina n-úsáidtear díchriptiú (i.e. GPS nó GLONASS), féach 7A005.* 1. Atá deartha nó modhnaithe chun úsáid a bhaint as "cripteagrafaíocht" lena n-úsáidtear teicnící digiteacha lena ndéantar aon fheidhm chripteagrafach seachas fíordheimhniú nó síniú digiteach agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas: *Nótaí Teicniúla:* *1. Le feidhmeanna fíordheimhnithe agus sínithe dhigitigh, áirítear na feidhmeanna príomhbhainistithe a ghabhann leo.* *2. Áirítear le fíordheimhniú gach gné de rialú rochtana nuair nach ndéantar aon chomhaid ná téacs a chriptiú ach amháin fad is a bhaineann go díreach le pasfhocail, Uimhreacha Aitheantais Phearsanta (Uimhreacha PIN) nó sonraí comhchosúla a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe.* *3. Ní áirítear le "Cripteagrafaíocht" teicnící comhbhrúite nó códúcháin do shonraí "fosaithe".* *Nóta:* Áirítear le 5A002.a.1. trealamh atá deartha nó modhnaithe chun "cripteagrafaíocht" a úsáid, a mbaintear úsáid as prionsabail analógacha léi nuair a chuirtear chun feidhme í trí theicnící dhigiteacha. a. "Algartam siméadrach" lena n-úsáidtear fad eochrach ar faide é ná 56 ghiotán; nó b. "Algartam neamhshiméadrach" i gcás ina bhfuil slándáil an algartaim bunaithe ar aon cheann díobh seo a leanas: 1. Fachtóiriú lánuimhreacha ar mó iad ná 512 ghiotán (e.g. RSA); 2. Ríomh logartaim scoite i ngrúpa iolraitheach réimse críochta ar mó é ná 512 ghiotán (e.g. Diffie-Hellman thar Z/pZ); nó 3. Logartaim scoite i ngrúpa seachas mar a luaitear in 5A002.a.1.b.2. atá níos mó ná 112 giotán (e.g., Diffie-Hellman thar chuar éilipseach);
5D002	"Bogearraí", mar a leanas: a. "Bogearraí" atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun trealamh atá sonraithe in 5A002.a.1 nó "bogearraí" atá sonraithe in 5D002.c.1 a "úsáid"; c. "Bogearraí" sonracha, mar a leanas: 1. "Bogearraí" a bhfuil tréithe an trealaimh atá sonraithe in 5A002.a.1 acu, nó lena bhfeidhmítear nó lena n-ionsamhlaítear feidhmeanna an trealaimh sin; *Nóta: Ní rialaítear le 5D002 "bogearraí" mar a leanas:* *a. "Bogearraí" atá riachtanach chun trealamh a "úsáid" ar trealamh é atá eisiata ó rialú leis an Nóta a ghabhann le 5A002;* *b. "Bogearraí" lena soláthraítear aon cheann d'fheidhmeanna an trealaimh atá eisiata ó rialú leis an Nóta a ghabhann le 5A002.*
5E002	"Teicneolaíocht" de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht chun trealamh atá sonraithe in 5A002.a.1 nó "bogearraí" atá sonraithe in 5D002.a. nó 5D002.c.1 an liosta sin.'

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II:

'IARSCRÍBHINN II

Earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 2(10, 2(2) agus 2(4), 3(3), 5(1), 8(4), 17(2), 31(1) agus 45

RÉAMHNÓTAÍ

1. Mura luaitear a mhalairt, tagraíonn na huimhreacha tagartha a úsáidtear sa cholún dar teideal "Tuairisc" do na tuairiscí ar ítimí agus ar theicneolaíocht dé-úsáide a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.

2. Ciallaíonn uimhir thagartha sa cholún dar teideal "Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009" go bhfuil saintréithe na hítime a thuairiscítear sa cholún "Tuairisc" lasmuigh de na paraiméadair a leagtar amach sa tuairisc ar an iontráil dé-úsáide dá dtagraítear.

3. Tugtar sainmhínithe ar théarmaí idir "comharthaí singile athfhriotail" i nóta teicniúil a bhaineann leis an ítim ábhartha.

4. Tá sainmhínithe ar théarmaí idir "comharthaí dúbailte athfhriotail" le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.

NÓTAÍ GINEARÁLTA

1. Níor cheart go ndéanfaí cuspóir na dtoirmeasc atá san Iarscríbhinn seo a shárú toisc aon earra neamhthoirmiscthe (lena n-áirítear gléasra) a bheith á onnmhairiú, a bhfuil comhpháirt thoirmiscthe amháin nó níos mó iontu, nuair is í an chomhpháirt thoirmiscthe nó nuair is iad na comhpháirteanna toirmiscthe sin príomheilimint na n-earraí agus nuair is féidir an chomhpháirt sin nó na comhpháirteanna sin a bhaint nó a úsáid chun críoch eile.

   N.B.: Agus é á mheas arb í an chomhpháirt thoirmiscthe nó arb iad na comhpháirteanna toirmiscthe príomheilimint an earra, is gá an chainníocht, an luach agus an saineolas teicneolaíochta atá i gceist a chur san áireamh, chomh maith le cúinsí speisialta eile lena bhféadfaí a shuíomh gurb í an chomhpháirt thoirmiscthe nó gurb iad na comhpháirteanna toirmiscthe príomheilimint na n-earraí atá á bhfáil.

2. Leis na hearraí atá sonraithe san Iarscríbhinn seo, áirítear earraí nua agus earraí athláimhe araon.

NÓTA GINEARÁLTA MAIDIR LE TEICNEOLAÍOCHT

1. Díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na "teicneolaíochta" atá "riachtanach" chun earraí a "fhorbairt", a "tháirgeadh" nó a "úsáid" a bhfuil a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú toirmiscthe i gCuid A (Earraí) thíos, déantar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin a thoirmeasc i gcomhréir le forálacha Roinn II.B.

2. Díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na "teicneolaíochta" atá "riachtanach" chun earraí a "fhorbairt" nó a "tháirgeadh" a bhfuil a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoi rialú i gCuid A (Earraí) d'Iarscríbhinn III, déantar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin a thoirmeasc i gcomhréir le forálacha Roinn II.B.

3. An "teicneolaíocht" sin atá "riachtanach" chun earraí toirmiscthe "a fhorbairt", "a tháirgeadh" nó "a úsáid", is faoi thoirmeasc a bheidh sí i gcónaí, fiú nuair atá sí infheidhme maidir le hearraí neamhthoirmiscthe.

4. Níl feidhm ag toirmisc maidir leis an "teicneolaíocht" sin arb í an teicneolaíocht íosta í is gá le haghaidh shuiteáil, oibriú, chothabháil (seiceáil) agus dheisiú na n-earraí sin nach bhfuil toirmeasc orthu nó ar údaraíodh a n-onnmhairiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 423/2007, Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 nó leis an Rialachán seo.

5. Na toirmisc maidir le haistriú "teicneolaíochta", ní bheidh feidhm acu maidir le faisnéis "atá san fhearann poiblí" ná maidir le "taighde bunúsach eolaíoch", ná maidir leis an bhfaisnéis íosta is gá le haghaidh iarratais ar phaitinní.

II.A. EARRAÍ

A0. Ábhair Núicléacha, Saoráidí, agus Trealamh		
Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A0.001	Lampaí tolla catóide mar seo a leanas: a. Lampaí tolla catóide iaidín le fuinneoga i sileacan íon nó i ngrianchloch b. Lampaí tolla catóide úráiniam	—
II.A0.002	Aonraitheoirí de chuid Faraday sa raon tonnfhaid 500 nm — 650 nm	—
II.A0.003	Grátáí optúla sa raon tonnfhaid 500 nm — 650 nm	—
II.A0.004	Snáithíní optúla sa raon tonnfhaid 500 nm — 650 nm atá brataithe le sraitheanna frith-fhrithchaiteacha sa raon tonnfhaid 500 nm-650 nm agus a bhfuil trastomhas croíleacáin acu ar mó é ná 0,4 mm ach nach mó é ná 2 mm	—
II.A0.005	Comhpháirteanna soithí imoibreora núicléach agus trealamh tástála, cé is moite díobh siúd atá sonraithe in 0A001, mar a leanas: 1. Séalaí 2. Comhpháirteanna inmheánacha 3. Trealamh séalaithe, tástála agus tomhais	0A001
II.A0.006	Córais braite núicléacha chun ábhair radaighníomhacha agus radaíocht de thionscnamh núicléach a bhrath, a shainaithint nó a chainníochtú agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha seachas na cinn atá sonraithe in 0A001.j. nó in 1A004.c.	0A001.j 1A004.c
II.A0.007	Comhlaí bolgshéalaithe atá déanta as cóimhiotal alúmanaim nó cruach dhosmálta de chineál 304, 304L nó 316L. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo comhlaí bolg a shainmhínítear in 0B001.c.6 agus 2A226.*	0B001.c.6 2A226
II.A0.008	Scátháin léasair, cé is moite díobh siúd atá sonraithe in 6A005.e., arb é atá iontu foshraitheanna ag a bhfuil comhéifeacht leathnúcháin theirmeach $10^{-6}K^{-1}$ nó níos lú ag 20 °C (e.g. silice chomhleáite nó saifír). *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo córais optúla atá saindeartha le haghaidh feidhmeanna réalteolaíocha, ach amháin má tá silice chomhleáite sna scátháin.*	0B001.g.5, 6A005.e
II.A0.009	Lionsaí léasair, cé is moite díobh siúd atá sonraithe in 6A005.e.2., arb é atá iontu foshraitheanna ag a bhfuil comhéifeacht leathnúcháin theirmeach $10^{-6}K^{-1}$ nó níos lú ag 20 °C (e.g. silice chomhleáite).	0B001.g, 6A005.e.2

A0. Ábhair Núicléacha, Saoráidí, agus Trealamh

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A0.010	Píobáin, píobánra, feirí, feistis atá déanta as nicil nó as cóimhiotal nicile, nó atá líneáilte leo, a bhfuil níos mó ná 40 % de nicil de réir meáchain iontu, cé is moite díobh siúd atá sonraithe in 2B350.h.1.	2B350
II.A0.011	Folúschaidéil, seachas na folúschaidéil atá sonraithe in 0B002.f.2. nó 2B231., mar a leanas: Caidéil thurba-mhóilíneacha a bhfuil ráta sreafa acu arb ionann é agus 400 l/s nó ar mó ná sin é, Caidéil gharbhaithe folúis de chineál fréamhacha a bhfuil sreabh asú toirtmhéadrach acu ar mó é ná 200 m^3/h. Boilg shéalaithe, scrollaithe, comhbhrúiteoir tirim, agus folúschaidéil bholgshéalaithe, scrollaithe, thirime.	0B002.f.2, 2B231
II.A0.012	Iniaimh chosanta chun substaintí radaighníomhacha (Cealla teo) a ionramháil, a stóráil agus a láimhseáil.	0B006
II.A0.013	"Úráiniam nádúrtha" nó "úráiniam laghdaithe" nó tóiriam i bhfoirm miotail, cóimhiotail, comhdhúil cheimiceach nó tiúcháin agus aon ábhar eile ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na nithe réamhluaite seachas na cinn atá sonraithe in 0C001.	0C001
II.A0.014	Cuasáin mhadhmtha a bhfuil sé ar a gcumas daoibh pléascadh a ionsú ar mó é ná 2,5 kg TNT.	—

A1. Ábhair, ceimiceáin, "miocrorgánaigh" agus "tocsainí"

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A1.001	Tuaslagóir aigéid fosfaraigh bis(2-eitilheicsile) (HDEHP nó D2HPA) CAS 298-07-7 in aon chainníocht, ag a bhfuil íonacht is mó ná 90 %.	—
II.A1.002	Gás fluairín (Uimhir Achoimreachta Ceimiceán (CAS): 7782-41-4), ag a bhfuil íonacht 95 % ar a laghad.	—
II.A1.005	Cealla leictrealaíocha chun fluairín a tháirgeadh a bhfuil acmhainn táirgteachta acu is mó ná 100 g de fhluairín san uair. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo cealla leictrealaíocha a shainmhínítear in ítimí 1B225 agus 6A005.b*	1B225
II.A1.006	Catalaígh, seachas iad siúd atá toirmiscthe le 1A225, ina bhfuil platanam, pallaidiam nó róidiam, atá inúsáidte chun an t-imoibriú malartaithe hidrigine iseatóp a chur chun cinn idir hidrigin agus uisce chun tritiam a aisghabháil ó thromuisce nó chun tromuisce a tháirgeadh.	1B231, 1A225

A1. Ábhair, ceimiceáin, "miocrorgánaigh" agus "tocsainí"

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A1.007	Alúmanam agus a chóimhiotail, cé is moite díobh siúd atá sonraithe in 1C002.b.4 nó in 1C202.a, in amhfhoirm nó i bhfoirm leathdhéanta, ar fíor ina leith ceachtar den dá shaintréith seo a leanas: a. Tá ar a gcumas neart teanntachta deiridh 460 MPa nó níos mó a bheith acu ag 293 K (20 °C); nó b. Tá neart teanntachta 415 MPa nó níos mó acu ag 298 K (25 °C).	1C002.b.4, 1C202.a
II.A1.008	Miotail mhaighnéadacha, de gach cineál agus d'aon fhoirm, a bhfuil tréscaoilteacht choibhneasta tosaigh 120 000 nó níos mó acu agus tiús idir 0,05 agus 0,1 mm acu.	1C003.a
II.A1.009	"Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha" nó réamhthuiltí mar a leanas: *Nóta 2: FÉACH FREISIN II.A1.019.A.* a. "Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha" charbóin nó araimíde ar fíor ina leith aon cheann den dá shaintréith seo a leanas: 1. Tá "modal sonrach" acu ar mó é ná 10×10^6 m; nó 2. Tá "neart teanntachta sonrach" acu ar mó é ná 17×10^4 m; b. "Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha" ghloine ar fíor ina leith ceachtar de na saintréithe seo a leanas: 1. Tá "modal sonrach" acu ar mó é ná $3{,}18 \times 10^6$ m; nó 2. Tá "neart teanntachta sonrach" acu ar mó é ná $76{,}2 \times 10^3$ m; c. "Snáth", "caisirníní", "barraigh" nó "téipeanna", iad leanúnach agus tuilte le roisín teirmithéachta agus a bhfuil leithead 15 mm nó níos lú acu (nuair a bheidh siad réamhthuilte) agus atá déanta as "ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha" charbóin nó ghloine seachas na cinn atá sonraithe in II.A1.010.a. nó b. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo "ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha" a shainmhínítear in ítimí 1C010.a, 1C010.b, 1C210.a agus 1C210.b.*	1C010.a 1C010.b 1C210.a 1C210.b
II.A1.010	Snáithíní atá tuilte le roisín nó atá tuilte le pic (réamhthuiltí), snáithíní atá brataithe le miotal nó le carbón (réamhfhoirmeacha) nó "réamhfhoirmeacha snáithíní carbóin", mar seo a leanas: a. Déanta as ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha atá sonraithe in II.A1.009 thuas; b. "Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha" charbóin atá tuilte le roisín eapocsach (réamhthuiltí) atá sonraithe in 1C010.a, 1C010.b nó 1C010.c, chun struchtúir nó lannáin aerárthaí a dheisiú, nach mó ná 50 cm × 90 cm méid na mbileog aonair iontu; c. Réamhthuiltí atá sonraithe in 1C010.a, 1C010.b nó 1C010.c, nuair atá siad tuilte le roisíní feanólacha nó eapocsacha a bhfuil teocht thrasdultach ghloine (Tg) acu ar lú í ná 433 K (160 °C) agus teocht leasaithe acu atá níos ísle ná an teocht thrasdultach ghloine. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo "ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha" a shainmhínítear i mír 1C010.e.*	1C010.e. 1C210

A1. Ábhair, ceimiceáin, “miocrorgánaigh” agus “tocsainí”

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A1.011	Comhchodaigh cheirmeacha cairbíde sileacain threisithe atá inúsáidte do reanna sróine, d'fheithiclí athiontrála, do fhlapaí buinne, atá inúsáidte i “ndiúracáin”, seachas iad siúd atá sonraithe in 1C107.	1C107
II.A1.012	Cruacha aoischruaite mártainsíteacha, seachas iad siúd atá sonraithe in 1C116 nó 1C216 , a bhfuil “ar a gcumas” neart teanntachta deiridh 2 050 MPa nó níos mó a bheith acu, ag 293 K (20 °C). *Nóta Teicniúil:* *Leis an bhfrása “cruach aoischruaite mhártainsíteach a bhfuil ar a cumas”, cuimsítear cruach aoischruaite mhártainsíteach roimh an gcóireáil teasa nó ina diaidh.*	1C216
II.A1.013	Tungstan, tantalam, cairbíd tungstain, cairbíd tantalaim agus cóimhiotail, a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu: a. Is i bhfoirmeacha a bhfuil siméadracht shorcóireach chuasach nó sféarúil acu atá siad (lena n-áirítear teascáin shorchóireacha) agus a bhfuil trastomhas inmheánach acu atá idir 50 mm agus 300 mm; agus b. Tá mais acu ar mó í ná 5 kg. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo tungstan, cairbíd tungstain agus cóimhiontail a shainmhínítear in ítim 1C226.*	1C226
II.A1.014	Púdair eiliminteacha cóbailt, neoidimiam nó samairiam nó cóimhiotal nó meascáin díobh ina bhfuil ar a laghad 20 % cóbalt, neoidimiam nó samairiam de réir meáchain, ar lú ná 200 μm méid na gcáithníní iontu.	—
II.A1.015	Fosfáit tríbhúitile íon (TBP) [Uimh. CAS 126-73-8] nó aon mheascán ina bhfuil cion TBP is mó ná 5 % de réir meáchain.	—
II.A1.016	Cruach mhártainsíteach, seachas iad siúd a thoirmisctear le 1C116, 1C216 nó II.A1.012 *Nóta Teicniúil:* *Is cóimhiotail d'iarann iad cruacha mártainsíte ar gnách gurb iad a bpríomhthréithe cion ard nicile, cion an-íseal carbóin agus eilimintí ionadúcháin nó deascáin a úsáid chun neartú agus cruachan de réir aoise a bhaint amach.*	—
II.A1.017	Miotail, púdair mhiotail agus ábhair, mar seo a leanas: a. Tungstan agus cóimhiotail tungstain, cé is moite díobh siúd atá toirmiscthe faoi 1C117, i bhfoirm cáithníní sféarúla nó adamhaithe aonfhoirmeacha arb ionann a dtrastomhas agus 500 μm nó ar lú é ná sin, a bhfuil cion tungstain iontu de 97 % nó níos mó de réir meáchain; b. Molaibdéineam agus cóimhiotail mholaibdeinim, cé is moite díobh siúd atá toirmiscthe faoi 1C117, i bhfoirm cáithníní sféarúla nó adamhaithe aonfhoirmeacha arb ionann a dtrastomhas agus 500 μm nó ar lú é ná sin, a bhfuil cion molaibdéinim iontu de 97 % nó níos mó de réir meáchain; c. Ábhair tungstain i bhfoirm sholadach, seachas iad siúd a thoirmisctear le 1C226, nó II. A1.013 a bhfuil comhdhéanaimh ábhartha acu mar a leanas: 1. Tungstan agus cóimhiotail a bhfuil 97 % nó níos mó tungstain iontu de réir meáchain; 2. Tungstan copar-insíothlaithe a bhfuil 80 % tungstain nó níos mó ann de réir meáchain; nó 3. Tungstan airgead-insíothlaithe a bhfuil 80 % tungstain nó níos mó ann de réir meáchain.	—

A1. Ábhair, ceimiceáin, “miocrorgánaigh” agus “tocsainí”

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A1.018	Cóimhiotail bhoga mhaighnéadacha a bhfuil comhdhéanamh ceimiceach acu mar a leanas: (a) Cion iarainn idir 30 % agus 60 %, agus (b) Cion cóbailt idir 40 % agus 60 %;	—
II.A1.019	“Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha” nó réamhthuiltí, nach dtoirmisctear le hIarscríbhinn I ná le hIarscríbhinn II (faoi II.A1.009, II.A1.010) a ghabhann leis an Rialachán seo, nó nach sonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009, mar a leanas: (a) “Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha” charbóin; *Nóta: Ní chumhdaítear fabraicí le II.A1.019a.* (b) “Snáth”, “caisirníní”, “barraigh” nó “téipeanna” leanúnacha atá tuilte le roisín teirmithéachta agus atá déanta as “ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha” charbóin; (c) “Snáth”, “caisirníní”, “barraigh” nó “téipeanna” leanúnacha as polaicrilinítríl (PAN)	—

A2. Próiseáil ábhar

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A2.001	Córais tástála tonnchreatha, agus trealamh agus comhpháirteanna díobh, seachas iad siúd atá sonraithe in 2B116: a. Córais tástála tonncreathaí ina n-úsáidtear aischothú nó teicnící lúbiata agus lena n-ionchorpraítear rialaitheoir digiteach, a bhfuil ar a gcumas córas a chur ag crith ag luasghéarú atá cothrom le 0,1 g rms nó ar mó ná sin é idir 0,1 Hz agus 2 kHz agus fórsaí á dtabhairt uathu atá cothrom le 50 kN nó ar mó ná sin iad, á dtomhas le “bord lom”; b. Rialaitheoirí digiteacha, agus iad le chéile le “bogearraí” tástála tonnchreathaí atá saindeartha, agus ag bhfuil bandaleithead i bhfíor-am ar mó é ná 5 kHz atá deartha le húsáid le córais tástála tonnchreathaí atá sonraithe in a.; c. Tionscnóirí tonnchreathanna (croiteoirí), bíodh na haimplitheoirí gaolmhara acu nó ná bíodh, a bhfuil ar a gcumas fórsa a thabhairt uathu atá cothrom le 50 kN nó ar mó ná sin é, á thomhas le “bord lom”, agus ar féidir iad a úsáid sna córais tástála tonnchreathaí atá sonraithe in a.; d. Struchtúir thacaíochta do thriailphíosaí agus d’aonaid leictreonacha atá deartha chun iliomad croiteoirí a thabhairt le chéile i gcóras a bhfuil ar a chumas comhfhórsa éifeachtach a chur ar fáil atá cothrom le 50 kN nó ar mó ná sin é, á thomhas le “bord lom”, agus ar féidir iad a úsáid sna córais thonnchreathacha atá sonraithe in a. *Nóta Teicniúil:* *Ciallaíonn “bord lom” bord nó dromchla comhréidh, gan aon daingneán nó gabhálas air.*	2B116

A2. Próiseáil ábhar

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A2.002	Meaisín-uirlisí agus comhpháirteanna agus rialtáin uimhriúla do mheaisín-uirlisí, mar seo a leanas: a. Tá cruinnis aimsithe suímh ag meaisín-uirlisí meilte, le "gach cúiteamh atá ar fáil", arb ionann iad agus 15 µm nó ar lú (ar fearr) iad ná sin, ar fud aon ais líneach, , de réir ISO 230/2 (1988) (1) nó a choibhéisí náisiúnta; *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo meaisín-uirlisí meilte a shainmhínítear in ítimí 2B201.b agus 2B001.c.* b. Comhpháirteanna agus rialuithe uimhriúla atá saindeartha do mheaisín-uirlisí atá sonraithe in 2B001, 2B201, nó faoi a.	2B201.b 2B001.c
II.A2.003	Meaisíní cothromaithe agus an trealamh gaolmhar, mar a leanas: a. Meaisíní cothromúcháin, atá deartha nó modhnaithe le haghaidh trealamh fiaclóireachta nó trealamh liachta eile, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas: 1. Níl ar a gcumas rótair/cóimeálacha a bhfuil mais acu ar mó é ná 3 kg a chothromú; 2. Tá ar a gcumas rótair/cóimeálacha a chothromú ag luasanna ar mó iad ná 12 500 rpm; 3. Tá ar a gcumas éagothroime a cheartú in dhá phlána nó níos mó; agus 4. Tá ar a gcumas cothromú chuig éagothroime shonrach iarmharach 0,2 g × mm de réir chileagram maise an rótair; b. Cinn tháscacha atá deartha nó modhnaithe le húsáid le meaisíní atá sonraithe a thuas. *Nóta Teicniúil:* *Uaireanta, tugtar ionstraimíocht chothromaithe ar chinn tháscacha.*	2B119
II.A2.004	Cianláimhsitheoirí ar féidir iad a úsáid chun gníomhartha cianda a chur ar fáil in oibriúcháin radaicheimiceacha don dealúchán nó i dteo-chealla, seachas na cinn sin a shonraítear in 2B225, ar fíor ina leith ceachtar de na saintréithe seo a leanas: a. Tá sé ar a gcumas dóibh dul isteach i gcillbhalla te ag bhfuil tiús 0,3 m nó níos mó (oibriúchán thar an mballa); nó b. Tá ar a gcumas droicheadú thar bharr balla teo-chille ag bhfuil tiús 0,3 m nó níos mó (oibriúchán thar an mballa).	2B225
II.A2.006	Foirnéisí a bhfuil ar a gcumas dóibh feidhmiú ag teochtaí os cionn 400 °C mar seo a leanas: a. Foirnéisí ocsaídiúcháin b. Foirnéisí cóireála teasa atmaisféir rialaithe *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo áitheanna tolláin a bhfuil iompar rollála nó carr acu, áitheanna tolláin ina bhfuil crios iompair, áitheanna brú nó áitheanna tointeála, atá saindeartha chun gloine, ceirmigh earraí boird nó ceirmigh struchtúracha a tháirgeadh.*	2B226 2B227

A2. Próiseáil ábhar

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A2.007	"Trasduchtóirí brú", cé is moite díobh siúd atá sainmhínithe in 2B230, a bhfuil sé ar a gcumas dóibh brúnna absalóideacha a thomhas ag aon phointe sa raon 0 go 200 kPa agus a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu: a. Eilimintí braite brú d'idirleatóirí gásacha atá déanta as "Ábhair atá díonach ar chreimeadh heicseafluairíde úráiniaim (UF_6)" nó faoi chosaint na n-ábhar sin, agus b. Ar fíor ina leith ceachtar de na saintréithe uile seo a leanas: 1. Tá scála iomlán acu ar lú é ná 200 kPa agus "cruinneas" acu ar fearr é ná ± 1 % den scála iomlán; nó 2. Tá scála iomlán acu arb ionann é agus 200 kPa nó ar mó ná sin é agus "cruinneas" acu ar fearr é ná ± 2 kPa.	2B230
II.A2.011	Deighilteoirí lártheifeacha lenar féidir deighilt leanúnach a dhéanamh, gan aerasóil a fhorleathadh, agus atá monaraithe as: 1. Cóimhiotail a bhfuil níos mó ná 25 % de nicil agus 20 % de chróimiam de réir meáchain iontu; 2. Fluarapholaiméirí; 3. Gloine (lena n-áirítear bratú gloinithe nó cruanta nó líneáil ghloine); 4. Nicil nó "cóimhiotail" a bhfuil níos mó ná 40 % de nicil iontu de réir meáchain; 5. Tantalam nó cóimhiotail tantalaim; 6. Tíotáiniam nó cóimhiotail tíotáiniam; nó 7. Siorcóniam nó cóimhiotail siorcóiniam. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo deighilteoirí lártheifeacha agus ábhair núicléach a shainmhínítear i mír 2B352.c.*	2B352.c
II.A2.012	Scagairí miotail shintéaraithe atá déanta as nicil nó as cóimhiotal nicile ina bhfuil níos mó ná 40 % nicil de réir meáchain. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo líonaigh agus ábhair núicléach a shainmhínítear i mír 2B352.d.*	2B352.d
II.A2.013	Meaisíní foirmithe guairneacha agus meaisíní foirmithe sreabhacha, seachas iad siúd a rialaítear le 2B009, 2B109 nó 2B209, a bhfuil fórsa rollach acu ar mó é ná 60 kN agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. *Nóta Teicniúil:* *Chun críocha II.A2.013, meaisíní ina bhfuil meascán d'fheidhmeanna guairnefhoirmiúcháin agus d'fheidhmeanna sreabhfhoirmiúcháin, measfar mar mheaisíní sreabhfhoirmiúcháin iad.*	—

A2. Próiseáil ábhar

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A2.014	Trealamh teagmhála leacht-leachta (measctóir-síothlóir, colúin bhíogacha, teagmhálaithe lártheifeacha); agus dáileoirí leachta, dáileoirí gaile nó tiomsaitheoirí leachta atá deartha le haghaidh trealamh den sórt sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an gceimiceán (nó leis na ceimiceáin) atá á bpróiseáil ar aon cheann de na hábhair seo a leanas: *Nóta 2: FÉACH FREISIN III.A2.008*. a. Tá siad déanta as aon cheann de na hábhair seo a leanas: 1. Cóimhiotail a bhfuil níos mó ná 25 % de nicil agus 20 % de chróimiam de réir meáchain iontu; 2. Fluarapholaiméirí; 3. Gloine (lena n-áirítear bratú gloinithe nó cruanta nó líneáil ghloine); 4. Graifít nó "carbón graifíte"; 5. Nicil nó "cóimhiotail" a bhfuil níos mó ná 40 % de nicil iontu de réir meáchain; 6. Tantalam nó cóimhiotail tantalaim; 7. Tíotáiniam nó cóimhiotail tíotáiniam; nó 8. Siorcóniam nó cóimhiotail siorcóiniam; nó b. Tá siad déanta as cruach dhosmálta agus as ceann amháin nó níos mó de na hábhair a shonraítear in II.A2.014.a. *Nóta Teicniúil:* *Is comhdhéanamh í "graifít charbóin" a bhfuil carbón dímhorfach agus graifít inti, agus a bhfuil cion graifíte inti arb ionann é is 8 % de réir meáchain nó ar mó ná sin é.*	2B350.e
II.A2.015	Trealamh tionsclaíoch agus comhpháirteanna, seachas iad siúd a shonraítear in 2B350.d, mar seo a leanas: *Nóta 2: FÉACH FREISIN III.A2.009*. Teasmhalartóirí nó comhdhlúthadáin a bhfuil achar dromchla aistrithe teasa acu ar mó é ná 0,05 m^2, agus ar lú ná 30 m^2 é; agus feadáin, plátaí, cornaí nó bloic (croíleacáin) atá deartha le haghaidh malartóirí teasa nó comhdhlúthadáin den chineál sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an sreabhán (nó leis na sreabháin) ar aon cheann de na hábhair seo a leanas: a. Tá siad déanta as aon cheann de na hábhair seo a leanas: 1. Cóimhiotail a bhfuil níos mó ná 25 % de nicil agus 20 % de chróimiam de réir meáchain iontu; 2. Fluarapholaiméirí; 3. Gloine (lena n-áirítear bratú gloinithe nó cruanta nó líneáil ghloine); 4. Graifít nó "carbón graifíte"; 5. Nicil nó "cóimhiotail" a bhfuil níos mó ná 40 % de nicil iontu de réir meáchain; 6. Tantalam nó cóimhiotail tantalaim; 7. Tíotáiniam nó cóimhiotail tíotáiniam; 8. Siorcóniam nó cóimhiotail siorcóiniam; 9. Cairbíd sileacain; nó 10. Cairbíd tíotáiniam; nó b. Tá siad déanta as cruach dhosmálta agus as ceann amháin nó níos mó de na hábhair a shonraítear in II.A2.015.a. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo radaitheoirí feithiclí.* *Nóta Teicniúil:* *Na hábhair a úsáidtear le haghaidh gaiscéad agus séalaí agus cur chun feidhme eile feidhmeanna séalaithe, ní chinneann siad stádas rialaithe an teasmhalartóra.*	2B350.d

A2. Próiseáil ábhar

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A2.016	Caidéil ilséalaí agus caidéil gan séalaí, seachas iad siúd a shonraítear in 2B350.i, atá oiriúnach le haghaidh sreabháin chreimneacha, agus a bhfuil uasráta sreafa sonraithe an mhonaróra acu ar mó é ná 0,6 m^3/uair, nó caidéil folúis a bhfuil uasráta sreafa sonraithe an mhonaróra acu ar mó é ná 5 m^3/uair [arna thomhas faoi chúinsí caighdeánacha teochta (273 K (0 °C) agus brú (101,3 kPa)]; agus cásálacha (coirp chaidéil), líneálacha cásála réamhfhoirmithe, gluaisirí, rótair nó soic de chuid caidéal scairde atá deartha do na caidéil sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an gceimiceán (nó leis na ceimiceáin) atá á bpróiseáil ar aon cheann de na hábhair seo a leanas: *NB. FÉACH FREISIN III.A2.010.* a. Tá siad déanta as aon cheann de na hábhair seo a leanas: 1. Cóimhiotail a bhfuil níos mó ná 25 % de nicil agus 20 % de chróimiam de réir meáchain iontu; 2. Ceirmigh; 3. Feirisileacan; 4. Fluarapholaiméirí; 5. Gloine (lena n-áirítear bratuithe gloinithe nó cruanta nó líneáil ghloine); 6. Graifít nó “carbón graifíte” 7. Nicil nó “cóimhiotail” a bhfuil níos mó ná 40 % de nicil iontu de réir meáchain; 8. Tantalam nó cóimhiotail tantalaim; 9. Tíotáiniam nó cóimhiotail tíotáiniam; 10. Siorcóniam nó cóimhiotail siorcóiniam; 11. Niaibiam (colaimbiam) nó cóimhiotail niaibiam; nó 12. Cóimhiotail alúmanaim; nó b. Tá siad déanta as cruach dhosmálta agus as ceann amháin nó níos mó de na hábhair a shonraítear in II.A2.016.a. *Nóta Teicniúil:* *Na hábhair a úsáidtear le haghaidh gaiscéad agus séalaí agus cur chun feidhme eile feidhmeanna séalaithe, ní chinneann siad stádas rialaithe an chaidéil.*	2B350.i

A3. Próiseáil ábhar

Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A3.001	Soláthairtí cumhachta srutha dhírigh ardvoltais a bhfuil an dá thréith seo a leanas acu: a. Tá sé ar a gcumas dóibh 10 kV nó níos mó a tháirgeadh go leanúnach thar thréimhse 8 n-uair an chloig, agus cumhacht aschuir acu arb ionann í agus 5 kW nó ar mó é ná sin, le baint mianach nó gan í; agus b. Tá cobhsaíocht srutha nó voltais acu ar fearr í ná 0,1 % thar thréimhse 4 uair an chloig. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo soláthairtí cumhachta a shainmhínítear in ítimí 0B001.j.5 agus 3A227.*	3A227

A3. Próiseáil ábhar		
Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A3.002	Mais-speictriméadair, seachas na cinn a shonraítear in 3A233 nó 0B002.g, a bhfuil ar a gcumas iain ag a bhfuil 200 aonad maise adamhaí nó níos mó a thomhas agus a bhfuil taifeach acu ar fearr é ná 2 pháirt in 200, mar a leanas, agus foinsí iain díobh: a. Mais-speictriméadair phlasma atá cúpláilte go hionduchtach (ICP/MS); b. Mais-speictriméadair le díluchtú breoch (GDMS); c. Mais-speictriméadair ianúcháin theirmigh (TIMS); d. Mais-speictriméadair bhuamála leictreon a bhfuil cuasán foinse acu atá déanta as ábhair atá díonach ar chreimeadh ó heicseafluairíd úráiniam UF_6', nó atá líneáilte nó plátáilte leis na hábhair sin; e. Mais-speictriméadair léasacha mhóilíneacha a bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas acu: 1. Tá cuasán foinse acu atá déanta as cruach dhosmálta nó molaibdéineam nó atá línithe nó plátáilte leo agus atá feistithe le gaiste fuar atá in ann fuarú go dtí 193 K (– 80 °C) nó níos lú ná sin; nó 2. Cuasán foinse atá déanta as ábhair atá díonach ar chreimeadh ó heicseafluairíd úráiniam (UF_6'), nó atá líneáilte nó plátáilte leis na hábhair sin; f. Mais-speictriméadair atá feistithe le foinse ian micreafhluairínithe atá deartha le haghaidh achtainídí nó fluairídí achtainíde.	3A233
II.A3.003	Athróirí nó gineadóirí minicíochta, seachas iad siúd atá toirmiscthe le 0B001 nó 3A225, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas, agus comhpháirteanna agus bogearraí atá saindeartha lena n-aghaidh: a. Tá aschur ilphasach atá in ann cumhacht a sholáthar arb ionann í agus 40 W nó ar mó í ná sin; b. Tá ar a gcumas oibriú sa raon minicíochta idir 600 agus 2 000 Hz; agus c. Tá rialú minicíochta acu ar fearr (ar lú) é ná 0,1 %; *Nóta Teicniúil:* *Tugtar tiontairí nó inbhéartóirí freisin ar na hathróirí minicíochta in II.A3.003.*	—

A6. Braiteoirí agus Léasair

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A6.001	Gairnéad alúmanaim itriaim (YAG)	—
II.A6.002	Trealamh optúil agus a chomhpháirteanna, seachas iad siúd a shonraítear in 6A002, 6A004.b, mar seo a leanas: Optaic infridhearga sa raon tonnfhaid 9 000 nm — 17 000 nm agus comhpháirteanna díobh, lena n-áirítear comhpháirteanna teallúiríde caidmiam (CdTe).	6A002 6A004.b
II.A6.003	Córais ceartaitheora tosaigh tonnta lena n-úsáid le léas léasair a bhfuil trastomhas aige ar mó é ná 4 mm, agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha, lena n-áirítear córais rialúcháin, braiteoirí tosaigh pas agus "scátháin indífhoirmithe" lena n-áirítear scátháin dhémhorfacha. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo scátháin a shainmhínítear in 6A004.a, 6A005.e agus 6A005.f.*	6A003
II.A6.004	"Léasair" argóin a bhfuil "meánchumhacht aschurtha" acu atá cothrom le 5 W nó ar mó í ná sin. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo "léasair" iain argóin a shainmhínítear in ítimí 0B001.g.5, 6A005 agus 6A205.a.*	6A005.a.6 6A205.a
II.A6.005	"Léasair" leathsheoltóra agus comhpháirteanna díobh, mar seo a leanas: a. "Léasair" aonair leathsheoltóra a bhfuil cumhacht aschurtha acu ar mó í ná 200 mW an léasair, i gcainníochtaí ar mó iad ná 100; b. Eagair "léasar" leathsheoltóra a bhfuil cumhacht aschurtha acu ar mó í ná 20 W. *Nótaí:* *1. Tugtar dé-óidí "léasair" ar "léasair" leathsheoltóra de ghnáth.* *2. Ní chumhdaítear leis an ítim seo "léasair" a shainmhínítear in ítimí 0B001.g.5, 0B001.h.6 agus 6A005.b.* *3. Ní chumhdaítear leis an ítim seo dé-óidí "léasair" a bhfuil tonnfhad acu sa raon 1 200 nm – 2 000 nm.*	6A005.b

A6. Braiteoirí agus Léasair

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A6.006	"Léasair" leathsheoltóra intiúnta agus eagair "léasar" leathsheoltóra intiúnta, ag a bhfuil tonnfhad idir 9 µm agus 17 µm, chomh maith le cruacha eagar "léasar" leathsheoltóra ina bhfuil eagar "léasar" leathsheoltóra intiúnta amháin ar a laghad ag a bhfuil an tonnfhad sin. *Nótaí:* *1. Tugtar dé-óidí "léasair" ar "léasair" leathsheoltóra de ghnáth.* *2. Ní chumhdaítear leis an ítim seo "léasair" leathsheoltóra a shainmhínítear in ítimí 0B001.h.6 agus 6A005.b*	6A005.b
II.A6.007	"Léasair" sholadstaide "intiúnta" agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha mar a leanas: a. Léasair shaifíre-tíotáiniam, b. Léasair alastairíte. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo léasair shaifíre-tíotáiniam agus alastairíte a shainmhínítear in ítimí 0B001.g.5, 0B001.h.6 agus 6A005.c.1.*	6A005.c.1
II.A6.008	"Léasair" atá dópáilte le neoidimiam (seachas "léasair" ghloine), ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 1 000 nm ach nach mó é ná 1 100 nm agus fuinneamh aschuir ar mó é ná 10 J in aghaidh na bíge. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo "léasair" atá dópáilte le neoidimiam (seachas "léasair" ghloine) a shainmhínítear in ítim 6A005.c.2.b.*	6A005.c.2
II.A6.009	Comhpháirteanna fuaimoptaice, mar a leanas: a. Feadáin frámaithe agus feistí íomháúcháin soladstaide a bhfuil minicíocht atarlaithe acu arb ionann í agus 1 kHz nó ar mó í ná sin; b. Soláthairtí minicíochta atarlaithe; c. Cealla Pockels.	6A203.b.4.c
II.A6.010	Ceamaraí atá cruaite in aghaidh na radaíochta, nó lionsaí lena n-aghaidh, seachas iad siúd atá sonraithe in 6A203.c., atá saindeartha nó rátaithe mar cheamaraí atá cruaite in aghaidh na radaíochta, chun dáileog radaíochta iomlán a sheasamh ar mó í ná 50×10^3 Gy(sileacan) (5×10^6 rad (sileacan)) gan díghrádú oibríochtúil. *Nóta Teicniúil:* *Tagraítear leis an téarma Gy(sileacan) don fhuinneamh i nGiúil de réir an chileagraim atá súite ag sampla sileacain neamhchumhdaithe nuair a bhíonn sé nochta do radaíocht ianúcháin.*	6A203.c

A6. Braiteoirí agus Léasair

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A6.011	Aimplitheoirí agus ascaltóirí léasar ruaime bíogach intiúnta, a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas acu: 1. Feidhmíonn siad ag tonnfhaid idir 300 nm agus 800 nm; 2. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 10 W ach nach mó í ná 30 W; 3. Tá ráta atriallach acu ar mó é ná 1 kHz; agus 4. Tá bíogleithead acu ar lú é ná 100 ns. *Nótaí:* *1. Ní chumhdaítear leis an ítim seo ascaltóirí aonmhóid.* *2. Ní chumhdaítear leis an ítim seo aimplitheoirí agus ascaltóirí léasar ruaime bíogach intiúnta a shainmhínítear in ítimí 6A205.c, 0B001.g.5 agus 6A005.*	6A205.c
II.A6.012	"Léasair" dé-ocsaíde carbóin bhíogacha a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas acu: 1. Feidhmíonn siad ag tonnfhaid idir 9 000 nm agus 11 000 nm; 2. Tá ráta atriallach acu ar mó é ná 250 Hz; 3. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 100 W ach nach mó í ná 500 W; agus 4. Tá bíogleithead acu ar lú é ná 200 ns. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo aimplitheoirí agus ascaltóirí léasar dé-ocsaíde carbóin bíogach a shainmhínítear in ítimí 6A205.d, 0B001.h.6 agus 6A005.d.*	6A205.d
II.A6.013	"Léasair" gaile copair a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu: 1. Feidhmíonn siad ag tonnfhaid idir 500 nm agus 600 nm; agus 2. Tá meánchumhacht aschurtha acu arb ionann í agus 15 W nó ar mó ná sin í.	6A005.b
II.A6.014	"Léasair" aonocsaíde carbóin bhíogacha a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas acu: 1. Feidhmíonn siad ag tonnfhaid idir 5 000 nm agus 6 000 nm; 2. Tá ráta atriallach acu ar mó é ná 250 Hz; 3. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 100 W; agus 4. Tá bíogleithead acu ar lú é ná 200 ns. *Nóta: Ní rialaítear leis an ítim seo na léasair aonocsaíde carbóin thionsclaíocha a bhfuil cumhacht níos airde acu (idir 1 agus 5 kW de ghnáth) a úsáidtear i bhfeidhmeanna amhail gearradh agus táthú, toisc gur tonn leanúnach a bhaineann leis na léasair dheireanacha sin nó bíogtar iad ar bhíogleithead ar mó é ná 200 ns.*	

A7. Loingseoireacht agus Eitleonaic

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A7.001	Córais loingseoireachta támhúla agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha, mar a leanas:	7A003
	I. Córais loingseoireachta támhúla atá deimhnithe lena n-úsáid ar "aerárthaí sibhialta" ag údaráis shibhialta Stáit atá rannpháirteach i gComhshocraíocht Wassenaar, agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha, mar a leanas:	7A103
	a. Córais loingseoireachta támhúla (INS) (den chineál giombail nó den chineál strapáilte) agus trealamh támhúil, atá deartha le haghaidh "aerárthach", feithiclí talún, soithí (barr uisce nó faoi uisce) nó "spásarthach" chun críche sainstiúraí, treoraíochta nó rialaithe agus a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas acu, agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha:	
	1. Tá earráid loingseoireachta (shaorthámhúil) acu, i ndiaidh gnáthailíniú, arb ionann í agus 0,8 muirmhíle in aghaidh an uair an chloig (nm/hr) "Earráid Chiorclach Dhóchúil" (CEP) nó ar lú (fearr) í ná sin; nó	
	2. Tá siad sonraithe le feidhmiú ag leibhéil luasghéaraithe líneacha ar mó iad ná 10 g;	
	b. Córais Loingseoireachta Tamhúla Hibride ina leabaítear Córas/Córais um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda (GNSS) nó Córas/Córais um "Loingseoireacht Sonraí-Thagartha" ("DBRN") chun críche sainstiúraí, treoraíochta nó rialaithe, i ndiaidh gnáth-ailíniú agus a bhfuil cruinneas loingseoireachta suímh INS acu, tar éis dóibh GNSS nó "DBRN" a chailleadh ar feadh uastréimhse ceithre nóiméad, ar lú (fearr) é ná "Earráid Chiorclach Dhóchúil" ("CEP") 10 méadar;	
	c. Trealamh Támhúil le haghaidh Asamait, Treochinn, nó Díriú Thuaidh, a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas acu, agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha:	
	1. Deartar iad chun cruinneas Asamait, Treochinn, nó Díriú Thuaidh a bheith acu arb ionann é agus 6 stua/nóiméad RMS ag domhanleithead 45 chéim nó ar lú (fearr) ná sin é; nó	
	2. Deartar iad chun leibhéal turrainge neamhoibriúcháin 900 g ar a laghad a bheith acu ag fad 1 mhilleasoicind (msec) ar a laghad.	
	Nóta: Tá paraiméadair I.a. agus I.b. infheidhme faoi aon cheann de na cúinsí timpeallachta seo a leanas:	
	1. Tá creathadh randamach ionchuir acu a bhfuil méid iomlán aige arb ionann é agus 7,7 g rms sa chéad leathuair an chloig agus marthanacht iomlán tástála aige arb ionann í agus 1,5 uair an chloig in aghaidh na haise i ngach ceann de na trí ais ingearacha, agus na nithe seo a leanas á gcomhlíonadh ag an gcreathadh randamach:	
	a. Tá luach Dlúis Speictrigh Cumhachta (PSD) tairiseach acu arb ionann é agus 0,04 g^2/Hz thar eatramh minicíochta 15 go 1 000 Hz; agus	
	b. Caolaíonn an PSD le minicíocht ó 0,04 g^2/Hz go 0,01 g^2/Hz thar eatramh minicíochta ó 1 000 Hz go 2 000 Hz;	
	2. Tá ráta rollta agus luascála acu arb ionann é agus + 2,62 raidian/s (150 céim/s) nó ar mó ná sin é; nó	
	3. I gcomhréir le caighdeáin náisiúnta atá coibhéiseach le 1. nó 2. thuas.	
	Nótaí Teicniúla:	
	1. Le I.b. tagraítear do chórais a bhfuil Córas Loingseoireachta Támhúla (INS) agus áiseanna loingseoireachta neamhspleácha eile iontu in aon aonad amháin (leabaithe) chun feidhmíocht fheabhsaithe a bhaint amach.	
	2. "Earráid Chiorclach Dhóchúil" (CEP) – I ndáileadh normalach ciorclach, ga an chiorcail ina bhfuil 50 % de na tomhais aonair atá á ndéanamh, nó ga an chiorcail a bhfuil dóchúlacht 50 % ann gur ann atá siad.	

A7. Loingseoireacht agus Eitleonaic

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
	II. Córais teodailíte a n-ionchorpraítear iontu trealamh támhúil atá saindeartha chun críoch suirbhéireachta sibhialta agus atá deartha chun cruinneas Asamait, Treochinn, nó Díriú Thuaidh a bheith acu arb ionann é agus 6 stua/nóiméad RMS ag domhanleithead 45 chéim nó ar lú (fearr) ná sin é, agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha. III. Trealamh támhúil nó trealamh eile ina n-úsáidtear méadair luasghéaraithe atá sonraithe in 7A001 nó 7A101, i gcás inar méadair luasghéaraithe iad atá saindeartha agus sainfhorbartha mar bhraiteoirí MWD (Tomhas le linn Druileála) lena n-úsáid in oibreacha seirbhíse i bpoll an tobair.	

A9. Aeraspás agus Tiomáint

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.A9.001	Boltaí pléascacha.	—

II.B. TEICNEOLAÍOCHT

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
II.B.001	An teicneolaíocht is gá chun na hítimí i gCuid II.A a fhorbairt, a tháirgeadh nó a úsáid. (Earraí) thuas. *Nóta Teicniúil:* *Áirítear bogearraí leis an téarma "teicneolaíocht".*	—
II.B.002	An teicneolaíocht is gá chun na hítimí i gCuid III.A a fhorbairt nó a tháirgeadh. (Earraí) Iarscríbhinn III. *Nóta Teicniúil:* *Áirítear bogearraí leis an téarma "teicneolaíocht".*	—'

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIa:

'IARSCRÍBHINN IIa

Earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), 3(3) agus 3(5), 5(2), 8(4), 18(1), 31(1) agus 45

RÉAMHNÓTAÍ

1. Mura luaitear a mhalairt, tagraíonn na huimhreacha tagartha a úsáidtear sa cholún thíos dar teideal "Tuairisc" do na tuairiscí ar ítimí agus ar theicneolaíocht dé-úsáide a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.

2. Ciallaíonn uimhir thagartha sa cholún thíos dar teideal "Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009" go bhfuil saintréithe na hítime a thuairiscítear sa cholún "Tuairisc" lasmuigh de na paraiméadair a leagtar amach sa tuairisc ar an iontráil dé-úsáide dá dtagraítear.

3. Tugtar sainmhínithe ar théarmaí idir "comharthaí singile athfhriotail" i nóta teicniúil a ghabhann leis an ítim ábhartha.

4. Tá sainmhínithe ar théarmaí idir "comharthaí dúbailte athfhriotail" le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.

NÓTAÍ GINEARÁLTA

1. Níor cheart go ndéanfaí cuspóir na rialuithe atá san Iarscríbhinn seo a shárú toisc aon earra neamhrialaithe (lena n-áirítear gléasra) a bheith á onnmhairiú, a bhfuil comhpháirt rialaithe amháin nó níos mó ann, nuair is í an chomhpháirt rialaithe nó nuair is iad na comhpháirteanna rialaithe sin príomheilimint na n-earraí agus nuair is féidir an chomhpháirt sin nó na comhpháirteanna sin a bhaint nó a úsáid chun críoch eile.

   N.B.. *Agus breithiúnas á dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil an chomhpháirt rialaithe nó na comhpháirteanna rialaithe le meas mar phríomheilimint an earra, is gá an chainníocht, an luach agus an saineolas teicneolaíochta atá i gceist a chur san áireamh, chomh maith le himthosca speisialta eile lena bhféadfaí a shuíomh gurb í an chomhpháirt rialaithe nó gurb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint na n-earraí atá á bhfáil.*

2. Leis na hearraí atá sonraithe san Iarscríbhinn seo, áirítear earraí nua agus earraí athláimhe araon.

NÓTA GINEARÁLTA MAIDIR LE TEICNEOLAÍOCHT

1. Díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na "teicneolaíochta" atá "riachtanach" chun earraí a "úsáid" a bhfuil a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoi rialú i gCuid A (Earraí) thíos, déantar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin a rialú i gcomhréir le forálacha Roinn III.B.

2. Díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na "teicneolaíochta" atá "riachtanach" chun earraí a "fhorbairt" nó a "tháirgeadh" a bhfuil a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoi rialú i gCuid A (Earraí) thíos, déantar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin a thoirmeasc i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn II, Roinn II.B.

3. An "teicneolaíocht" sin atá "riachtanach" chun earraí faoi rialú "a úsáid", is faoi rialú a bheidh sí i gcónaí, fiú nuair atá sí infheidhme maidir le hearraí neamhrialaithe.

4. Níl feidhm ag rialuithe maidir leis an "teicneolaíocht" sin arb í an teicneolaíocht íosta í is gá le haghaidh shuiteáil, oibriú, chothabháil (seiceáil) agus dheisiú na n-earraí sin nach bhfuil faoi rialú nó ar údaraíodh a n-onnmhairiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 423/2007, Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 nó leis an Rialachán seo.

5. Na rialuithe maidir le haistriú "teicneolaíochta", ní bheidh feidhm acu maidir le faisnéis atá "san fhearann poiblí", maidir le "taighde bunúsach eolaíoch", ná maidir leis an bhfaisnéis íosta is gá le haghaidh iarratais ar phaitinn.

III.A. EARRAÍ

A0. Ábhair Núicléacha, Saoráidí, agus Trealamh		
Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A0.015	"Lámhainnbhoscaí", atá saindeartha le haghaidh iseatóip radaighníomhacha, foinsí radaighníomhacha nó radanúiclídí. *Nóta Teicniúil:* *Ciallaíonn "lámhainnbhoscaí" trealamh lena dtugtar cosaint don úsáideoir, ar ghal ghuaiseach, cáithníní guaiseacha nó radaíocht ghuaiseach, ar ábhair atá laistigh den trealamh atá á láimhseáil nó á bpróiseáil ag duine lasmuigh den trealamh, trí bhíthin láimhsitheoirí nó lámhainní atá comhtháite sa trealamh.*	0B006
III.A0.016	Córais monatóireachta gáis thocsainigh atá deartha chun Suilfíd Hidrigine a oibriú agus a bhrath go leanúnach, agus brathadóirí atá saindeartha lena n-aghaidh.	0A001 0B001.c
III.A0.017	Brathadóirí Sceite Héiliam.	0A001 0B001.c

A1. Ábhair, ceimiceáin, "miocrorgánaigh" agus "tocsainí"		
Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A1.003	Séalaí agus gaiscéid ar chruth fáinne, a bhfuil trastomhas inmheánach 400 mm nó níos lú acu, agus iad déanta as aon cheann de na hábhair seo a leanas: a. Comhpholaiméirí d'fhluairíd vinilídéine a bhfuil criostalstruchtúr béite gan síneadh 75 % nó níos mó acu; b. Poilimídí fluairínithe a bhfuil 10 % nó níos mó d'fhluairín cuingrithe iontu de réir meáchain; c. Leaistiméirí fosfaiséine fluairínithe a bhfuil 30 % nó níos mó d'fhluairín cuingrithe iontu de réir meáchain; d. Polaclóraithrífhluaireitiléin (PCTFE, e.g. Kel-F ®); e. Fluarai-leaistiméirí (e.g., Viton ®, Tecnoflon ®); f. Polaiteitreafluaireitiléin (PTFE).	
III.A1.004	Trealamh pearsanta chun radaíocht de bhunús núicléach a bhrath, lena n-áirítear dáileogmhéadair phearsanta. *Nóta: Ní chumhdaítear leis an ítim seo córais braite pléascanna núicléacha agus ábhair núicléach a shainmhínítear i mír 1A004.c.*	1A004.c

A1. Ábhair, ceimiceáin, “miocrorgánaigh” agus “tocsainí”

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A1.020	Cóimhiotail chruaiche i bhfoirm leatháin nó pláta, a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas acu: (a) Cóimhiotail chruaiche a bhfuil neart teanntachta 1 200 MPa nó níos mó ag 293 K (20 °C) “ar a gcumas acu”; nó (b) Cruach dhosmálta dhéphléascach nítrigin-chobhsaithe. *Nóta: Leis an bhfrása cóimhiotail a bhfuil sé “ar a gcumas acu”, cuimsítear cóimhiotail roimh chóireáil teasa nó ina diaidh* *Nóta Teicniúil:* *Tá micreastruchtúr déphasach ag “cruach dhosmálta dhéphléascach nítrigin-chobhsaithe” ina bhfuil gráinní de chruach fheiríteach agus de chruach ástainíteach agus nítrigin curtha leis sin chun an micreastruchtúr a chobhsú.*	1C116 1C216
III.A1.021	Ábhar comhchodach Carbóin-Carbóin.	1A002.b.1
III.A1.022	Cóimhiotail nicile in amhfhoirm nó i bhfoirm leathdhéanta, a bhfuil 60 % nó níos mó nicil iontu de réir meáchain.	1C002.c.1.a
III.A1.023	Cóimhiotail tíotáiniam i bhfoirm leatháin nó pláta a bhfuil neart teanntachta 900 MPa nó níos mó ag 293 K (20 °C) “ar a gcumas acu”. *Nóta: Leis an bhfrása cóimhiotail a bhfuil sé “ar a gcumas acu”, cuimsítear cóimhiotail roimh chóireáil teasa nó ina diaidh*	1C002.b.3
III.A1.024	Tiomántáin agus ceimiceáin ar comhábhair iad do thiomántáin, mar a leanas: (a) Dé-isicianáit Tolúéine (TDI) (b) Dé-isicianáit Défheinile Mheitiléine (MDI) (c) Dé-dhiscicianáit Iseafóróin (IPDI) (d) Sárchlóráit Sóidiam (e) Xilídín (f) Poiléitear Hiodrocsa-Foirceannta (HTPE) (g) Éitear Caprólachtóin Hiodrocsa-Foirceannta (HTCE) *Nóta Teicniúil:* *Tagraíonn an ítim seo do shubstaint íon agus d'aon mheascán ina bhfuil 50 % ar a laghad de cheann amháin de na ceimiceáin thuasluaite.*	1C111
III.A1.025	“Ábhair bhealaithe” a bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas mar phríomh-chomhábhair iontu: (a) Sárfhluarailciléitir, (CAS 60164-51-4); (b) Sárfhluarapolailciléitir, PFPE, (CAS 6991-67-9). *Ciallaíonn “ábhair bhealaithe” olaí agus sreabháin.*	1C006
III.A1.026	Cóimhiotail Beirilliam Copair nó Cóimhiotail Copair Beirilliam i bhfoirm pláta, leatháin, stéille nó barra rollta, a bhfuil comhdhéanamh acu arb é Copair an phríomhdhúil iontu de réir meáchain agus dúile eile lena n-áirítear níos lú ná 2 % Beirilliam de réir meáchain.	1C002.b

A2. Próiseáil Ábhar

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A2.008	Trealamh teagmhála leacht-leachta (measctóir-síothlóir, colúin bhíogacha, teagmhálaithe lártheifeacha); agus dáileoirí leachta, dáileoirí gaile nó tiomsaitheoirí leachta atá deartha le haghaidh trealamh den sórt sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an gceimiceán (nó leis na ceimiceáin) atá á bpróiseáil déanta as na hábhair seo a leanas: *N.B. FÉACH FREISIN II.A2.014* 1. Cruach dhosmálta. *Nóta: le haghaidh cruach dhosmálta a bhfuil níos mó ná 25 % nicil agus 20 % cróimiam de réir meáchain inti, féach iontráil II.A2.014.a*	2B350.e
III.A2.009	Trealamh tionsclaíoch agus comhpháirteanna, seachas iad siúd a shonraítear in 2B350.d, mar a leanas: *N.B. FÉACH FREISIN II.A2.015* Teasmhalartóirí nó comhdhlúthadáin a bhfuil achar dromchla aistrithe teasa acu ar mó é ná 0,05 m^2, agus ar lú ná 30 m^2 é; agus feadáin, plátaí, cornaí nó bloic (croíleacáin) atá deartha le haghaidh malartóirí teasa nó comhdhlúthadáin den chineál sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an sreabhán (nó leis na sreabháin) déanta as na hábhair seo a leanas: 1. Cruach dhosmálta. *Nóta 1: le haghaidh cruach dhosmálta a bhfuil níos mó ná 25 % nicil agus 20 % cróimiam de réir meáchain inti, féach iontráil II.A2.015a* *Nóta 2: Ní chumhdaítear leis an ítim seo radaitheoirí feithiclí.* *Nóta Teicniúil:* *Na hábhair a úsáidtear le haghaidh gaiscéad agus séalaí agus cur chun feidhme eile feidhmeanna séalaithe, ní chinneann siad stádas rialaithe an teasmhalartóra.*	2B350.d
III.A2.010	Caidéil ilséalaí agus caidéil gan séalaí, seachas iad siúd a shonraítear in 2B350.i, atá oiriúnach le haghaidh sreabháin chreimneacha, agus a bhfuil uasráta sreafa sonraithe an mhonaróra acu ar mó é ná 0,6 m^3/uair, nó caidéil folúis a bhfuil uasráta sreafa sonraithe an mhonaróra acu ar mó é ná 5 m^3/uair [arna thomhas faoi chúinsí caighdeánacha teochta (273 K (0 °C) agus brú (101,3 kPa)]; agus cásálacha (coirp caidéil), líneálacha cásála réamhfhoirmithe, gluaisirí, rótair nó soic de chuid caidéal scairde atá deartha le haghaidh na gcaidéal sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an gceimiceán (nó leis na ceimiceáin) atá á bpróiseáil déanta as na hábhair seo a leanas: *N.B. FÉACH FREISIN II.A2.016* 1. Cruach dhosmálta; *Nóta: le haghaidh cruach dhosmálta a bhfuil níos mó ná 25 % nicil agus 20 % cróimiam de réir meáchain inti, féach iontráil II.A2.016a* *Nóta Teicniúil:* *Na hábhair a úsáidtear le haghaidh gaiscéad agus séalaí agus cur chun feidhme eile feidhmeanna séalaithe, ní chinneann siad stádas rialaithe an chaidéil.*	2B350.i

A2. Próiseáil Ábhar

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A2.017	Uirlisí Meaisín Díluchtaithe Leictrigh (EDM) chun miotail, ceirmigh nó "ábhair chomhchodacha" a bhaint nó a ghearradh, mar a leanas, agus leictreoidí reithe, tochailte nó sreinge atá saindeartha lena n-aghaidh: (a) Meaisíní Díluchtaithe Leictrigh leictreoide reithe nó tochailte; (b) Meaisíní Díluchtaithe Leictrigh leictreoide sreinge. *Nóta: Tugtar Meaisíní Spréach-Chreimeacháin nó Meaisíní Sreang-Chreimeacháin ar na Meaisíní Díluchtaithe Leictrigh freisin.*	2B001.d
III.A2.018	Meaisíní Tomhais Comhordanáidí (CMManna) faoi ríomhrialú nó "faoi rialú uimhriúil", nó meaisíní iniúchta toiseacha, a bhfuil uasearráid incheadaithe thríthoiseach (toirtmhéadrach) táisc acu (MPP_E) ag aon phointe taobh istigh de raon oibriúcháin an mheaisín (i.e. laistigh d'fhad na n-aiseanna) arb ionann í agus (3 + L/1 000) µm ná ar lú (ar fearr) í ná sin (is é L an fad a tomhaiseadh, in mm), arna dtástáil de réir ISO 10360-2 (2001), agus tóireadóirí tomhais atá deartha lena n-aghaidh.	2B006.a 2B206.a
III.A2.019	Meaisíní Táthaithe Leictreonléas faoi ríomhrialú nó "faoi rialú uimhriúil", agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.	2B001.e.1.b
III.A2.020	Meaisíní Léasartháthúcháin agus Meaisíní Léasarghearrtha faoi ríomhrialú nó "faoi rialú uimhriúil", agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.	2B001.e.1.c
III.A2.021	Meaisíní Plasmaghearrtha faoi ríomhrialú nó "faoi rialú uimhriúil", agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.	2B001.e.1
III.A2.022	Trealamh um Fhaireachán ar Chreathadh atá saindeartha le haghaidh rótar nó le haghaidh trealamh agus innealra rothlach, atá in ann aon mhinicíocht sa raon 600-2 000 Hz a thomhas.	2B116
III.A2.023	Folúschaidéil Fáinne Leachta, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.	2B231 2B350.i
III.A2.024	Folúschaidéil Eite Rothlaí, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. *Nóta 1: Ní rialaítear le III.A2.024 folúschaidéil eite rothlaí atá saindeartha le haghaidh trealamh sonrach eile.* *Nóta 2: Is tríd an stádas rialaithe atá ag folúschaidéil eite rothlaí atá saindeartha le haghaidh trealamh sonrach eile a chinnfear stádas rialaithe an trealaimh eile*	2B231 2B235.i 0B002.f
III.A2.025	Scagairí aeir, mar a leanas, ag a bhfuil toise méide fisicúla amháin nó níos mó ar mó é ná 1 000 mm: (a) Aerscagairí Ardéifeachtúla Cáithníneacha (HEPA); (b) Aerscagairí Treáite Sárísle (ULPA). *Nóta: Ní rialaítear le III.A2.025 aerscagairí atá saindeartha le haghaidh trealamh leighis.*	2B352.d

A3. Leictreonaic

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A3.004	Speictriméadair agus díraonmhéadair, atá deartha chun tástáil tháscach nó anailís chainníochtúil a dhéanamh ar chomhdhéanamh eiliminteach miotal nó cóimhiotal gan dianscaoileadh ceimiceach an ábhair.	
III.A3.005	"Athróirí Minicíochta", Gineadóirí Minicíochta agus tiomántáin leictreacha Luais Inathraithe, a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas acu: (a) Cumhacht aschuir ilphasaigh 10 W nó níos mó; (b) In ann oibriú ag minicíocht 600 Hz nó níos mó; agus (c) Tá rialú minicíochta acu ar fearr (ar lú) é ná 0,2 %. *Nóta Teicniúil:* *Cuimsíonn "Athróirí Minicíochta" tiontairí minicíochta agus inbhéartóirí minicíochta.* *Nótaí:* *1. Le hítim III.A3.005, ní rialaítear athróirí minicíochta lena n-áirítear prótacail chumarsáide nó comhéadain atá deartha le haghaidh innealra tionsclaíoch sonrach (amhail meaisín-uirlisí, meaisíní sníomhacháin, meaisíní clár ciorcad priontáilte) ionas nach féidir na hathróirí minicíochta a úsáid chun críoch eile agus na saintréithe feidhmíochta thuas á gcomhlíonadh.* *2. Le hítim III.A3.005, ní rialaítear athróirí minicíochta atá saindeartha le haghaidh feithiclí agus a oibríonn le seicheamh rialúcháin a chuirtear in iúl go frithpháirteach idir an t-athróir minicíochta agus an t-aonad rialaithe feithicle.*	3A225 0B001.b.13

A6. Braiteoirí agus Léasair

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A6.012	"Brúthomhsairí folúis", a chumhachtaítear go leictreach agus a bhfuil cruinneas tomhais 5 % nó níos lú (fearr). *Áirítear le "brúthomhsairí folúis" tomhsairí Pirani, tomhsairí Penning agus Manaiméadair Thoillis.*	0B001.b
III.A6.013	Micreascóip agus trealamh gaolmhar agus brathadóirí, mar a leanas: (a) Leictreonmhicreascóip Scanacháin; (b) Micreascóip Scanacháin Tharathair; (c) Leictreonmhicreascóip Tharchuir; (d) Micreascóip Fórsa Adamhaigh; (e) Micreascóip Fórsa Scanacháin; (f) Trealamh agus brathadóirí, atá saindeartha lena n-úsáid leis na micreascóip a shonraítear in III.A6.013 (a) go (e) thuas, agus ina n-úsáidtear aon cheann de na teicnící anailíse ábhar seo a leanas: 1. Fótaispeictreascópacht x-ghathach (XPS); 2. Speictreascópacht x-ghathach fhuinneamhspréiteach (EDX, EDS); nó 3. Leictreonspeictreascópacht le haghaidh Anailís Cheimiceach (ESCA).	6B

A7. Loingseoireacht agus Eitleonaic

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A7.002	Méadair luasghéaraithe ina bhfuil eilimint trasduchtóra cheirmeach phísileictreach, a bhfuil íogaireacht 1 000 mV/g nó níos fearr (níos airde) ná sin acu	7A001

A9. *Aeraspás agus Tiomáint*

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.A9.002	"Cealla Ualaithe" a bhfuil sé ar a gcumas acu sá roicéadinnill a thomhas, a bhfuil toilleadh níos mó ná 30 kN aige. *Nóta Teicniúil:* *Ciallaíonn "Cealla Ualaithe" gairis agus trasduchtóirí chun fórsa a thomhas i dteannas agus i gcomhbhrú araon.* *Nóta: Le III.A9.002 ní áirítear trealamh, gairis ná trasduchtóirí, atá saindeartha chun meáchan feithiclí a thomhas, e.g. droichid mheáite.*	9B117
III.A9.003	Gástuirbíní giniúna leictreachais, comhpháirteanna agus trealamh gaolmhar, mar a leanas: (a) Gástuirbíní atá saindeartha chun leictreachas a ghiniúint, a bhfuil aschur níos mó ná 200 MW acu; (b) Eití, Státair, Cuasáin Dócháin agus Soic Insteallta Breosla, atá saindeartha do ghástuirbíní giniúna leictreachais a shonraítear in III.A9.003.a; (c) Trealamh atá saindeartha chun gástuirbíní giniúna leictreachais a shonraítear in III "a fhorbairt" agus "a tháirgeadh". A9.003.a.	9A001 9A002 9A003 9B001 9B003 9B004

III.B. TEICNEOLAÍOCHT

Uimh.	Tuairisc	Ítim ghaolmhar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009
III.B.001	"An teicneolaíocht" is gá chun na hítimí i gCuid III.A a úsáid. (Earraí) thuas. *Nóta Teicniúil:* *Áirítear bogearraí leis an téarma "teicneolaíocht".'*	

(4) cuirtear isteach Iarscríbhinn IV:

'IARSCRÍBHINN IV

An liosta "táirgí amhola agus peitriliam" dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 31(1)

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
2709 00	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, agus iad amh.
2710	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, seachas cinn amha; ullmhóidí nach sonraítear nó nach n-áirítear in áit eile, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 70 % nó níos mó d'olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí; dramh-olaí (ach amháin nach bhfuil toirmeasc ar scaird-bhreosla ceirisín de chód AC 2710 19 21 a cheannach san Iaráin ar choinníoll go bhfuil sé beartaithe agus go n-úsáidtear é chun leanúint d'oibríocht aeir an aerárthaigh ina luchtaítear é agus chun na críche sin amháin).
2712	Glóthach pheitriliam; céir phairifín, céir pheitriliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianracha eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bídís.
2713	Cóc peitriliam, biotúman peitriliam agus iarmhar eile olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha.
2714	Biotúman agus asfalt, nádúrtha; sceall biotúmanach nó sceall ola agus gaineamh tarra; asfailtítí agus carraigeacha asfailt.
2715 00 00	Meascáin bhiotúmanacha atá bunaithe ar asfalt nádúrtha, ar bhiotúman nádúrtha, ar bhiotúman peitriliam, ar tharra mianrach nó ar phic tarra mhianraigh (e.g. maisteoga biotúmanacha, gearrthacha siar).'

(5) cuirtear isteach Iarscríbhinn IVa:

'IARSCRÍBHINN IVa

Táirgí dá dtagraítear in Airteagail 14a agus 31(1)

Gás nádúrtha agus hidreacarbóin ghásacha eile

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
2709 00 10	Comhdhlútháin gáis nádúrtha
2711 11 00	Gás Nádúrtha – i staid leachtaithe
2711 21 00	Gás Nádúrtha – i staid ghásach
2711 12	Própán
2711 13	Bútáin
2711 19 00	Eile'

(6) cuirtear isteach Iarscríbhinn V:

'IARSCRÍBHINN V

An liosta "táirgí peitriceimiceacha" dá dtagraítear in Airteagail 13 agus 31(1)

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
2812 10 94	Foisgéin (clóiríd charbóinile)
2814	Amóinia
3102 30	Níotráit amóiniam
2901 21 00	Eitiléin
2901 22 00	Próipéin (próipiléin)
2902 20 00	Beinséin
2902 30 00	Tolúéin
2902 41 00	*o*-Xiléin
2902 42 00	*m*-Xiléin
2902 43 00	*p*-Xiléin
2902 44 00	Isiméirí xiléine measctha
2902 50 00	Stiréin
2902 60 00	Beinséin eitile
2902 70 00	Cúiméin
2903 11 00	Cloraimeatán
2903 29 00	Díorthaigh chlóirínithe neamhsháithithe de hidreacarbóin neamhthimthriallacha - eile
2903 81 00	Heicseaclóraicioglaiheacsán [(HCH (ISO)], lena n-áirítear liondán (ISO, DCI)

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
2903 82 00	Aildrin (ISO), clórdán (ISO) agus heipteaclór (ISO)
2903 89 90	Díorthaigh halaiginithe eile hidreacarbón
2903 91 00	Clóraibeinséin, o-déchlóraibeinséin agus p-déchlóraibeinséin
2903 92 00	Heicseaclóraibeinséin (ISO) agus DDT (ISO) [clóifeineatán (DCI), 1,1,1-tríchlóra-2,2-bis (p-clóraifeinil)eatán]
2903 99 90	Díorthaigh halaiginithe eile hidreacarbón aramatach
2909	Éitear-alcóil agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónáitithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2909 41	Ocsaidhé-eatánól (gliocól dé-eitiléine)
2909 43	Éitir mhonabúitile de ghliocól eitiléine nó de ghliocól dé-eitiléine
2909 44	Éitir mhonabúitile eile de ghliocól eitiléine nó de ghliocól dé-eitiléine
2909 49	Éitear-alcóil eile agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónáitithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2905 11 00	Meatánól (alcól meitile)
2905 12 00	Própán-1-ól (alcól próipile) agus própán-2-ól (alcól iseapróipile
2905 13 00	Bútán-1-ól (alcól n-búitile)
2905 31 00	Gliocól eitiléine (eatáindé-ól)
2907 11 – 2907 19	Feanóil
2910 10 00	Ocsaíorán (ocsaíd eitiléine)
2910 20 00	Meitiolocsaíorán (ocsaíd phróipiléine)
2914 11 00	Aicéatón
2917 14 00	Ainhidríd mhailéach (MA)
2917 35 00	Ainhidríd thalach (PA)
2917 36 00	Aigéad teireatalach agus a shalainn
2917 37 00	Teireataláit démheitile (DMT)

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
2926 10 00	Aicrilinítríl
Ex 2929 10 00	Dé-isicianáit défheinile mheitiléine (MDI)
Ex 2929 10 00	Dé-isicianáit heicsimeitiléine (HDI)
Ex 2929 10 00	Dé-isicianáit tolúéine (TDI)
3901	Polaiméirí eitiléine, i bhfoirmeacha príomhúla

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc	
2707 10	Beansól (beinséin)	Na cóid uile
2707 20	Tolúól (tolúéin)	Na cóid uile
2707 30	Xileol (xiléiní)	Na cóid uile
2707 40	Naftailéin	Na cóid uile
2707 99 80	Feanóil	
2711 14 00	Eitiléin, próipiléin, bútaidhé-éin’	

(7) cuirtear isteach Iarscríbhinn VI:

‘IARSCRÍBHINN VI

Liosta an phríomhthrealaimh agus na príomhtheicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 31(1)

NÓTAÍ GINEARÁLTA

1. Níor cheart go ndéanfaí cuspóir na dtoirmeasc atá san Iarscríbhinn seo a shárú toisc aon earra neamhthoirmiscthe (lena n-áirítear gléasra) a bheith á onnmhairiú, a bhfuil comhpháirt thoirmiscthe amháin nó níos mó iontu, nuair is í an chomhpháirt thoirmiscthe nó nuair is iad na comhpháirteanna toirmiscthe sin príomheilimint na n-earraí agus nuair is féidir an chomhpháirt sin nó na comhpháirteanna sin a bhaint nó a úsáid chun críoch eile.

   N.B.: Agus breithiúnas á dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil an chomhpháirt thoirmiscthe nó na comhpháirteanna toirmiscthe le meas mar phríomheilimint an earra, is gá an chainníocht, an luach agus an saineolas teicneolaíochta atá i gceist a chur san áireamh, chomh maith le himthosca speisialta eile lena bhféadfaí a shuíomh gurb í an chomhpháirt thoirmiscthe nó gurb iad na comhpháirteanna toirmiscthe príomheilimint na n-earraí atá á bhfáil.

2. Leis na hearraí atá sonraithe san Iarscríbhinn seo, áirítear earraí nua agus earraí athláimhe araon.

3. Tugtar sainmhínithe ar théarmaí idir “comharthaí singile athfhriotail” i nóta teicniúil a ghabhann leis an ítim ábhartha.

4. Tá sainmhínithe ar théarmaí idir “comharthaí dúbailte athfhriotail” le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.

NÓTA GINEARÁLTA MAIDIR LE TEICNEOLAÍOCHT

1. An "teicneolaíocht" sin atá "riachtanach" chun earraí toirmiscthe "a fhorbairt", "a tháirgeadh" nó "a úsáid", is faoi thoirmeasc a bheidh sí i gcónaí, fiú nuair atá sí infheidhme maidir le hearraí neamhthoirmiscthe.

2. Níl feidhm ag toirmisc maidir leis an "teicneolaíocht" sin arb í an teicneolaíocht íosta í is gá le haghaidh shuiteáil, oibriú, chothabháil (seiceáil) agus dheisiú na n-earraí sin nach bhfuil toirmeasc orthu nó ar údaraíodh a n-onnmhairiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 423/2007, Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 nó leis an Rialachán seo.

3. Na toirmisc maidir le haistriú "teicneolaíochta", ní bheidh feidhm acu maidir le faisnéis "atá san fhearann poiblí" ná maidir le "taighde bunúsach eolaíoch", ná maidir leis an bhfaisnéis íosta is gá le haghaidh iarratais ar phaitinní.

TAISCÉALAÍOCHT AGUS TÁIRGEADH AMHOLA AGUS GÁIS NÁDÚRTHA

1.A Trealamh

1. Trealamh suirbhéireachta geoifisicigh, feithiclí, soithí agus aerárthaí atá saindeartha nó sainoiriúnaithe chun sonraí a fháil le haghaidh taiscéalaíocht ola agus gáis agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

2. Braiteoirí atá saindeartha le haghaidh oibríochtaí tobair i bpoll an tobair i dtoibreacha ola agus gáis, lena n-áirítear braiteoirí a úsáidtear le haghaidh tomhais agus iad ag druileáil agus an trealamh gaolmhar atá saindeartha chun sonraí a fháil agus a stóráil ó bhraiteoirí den sórt sin.

3. Trealamh druileála atá deartha chun foirmíochtaí carraige a dhruileáil, go sonrach chun ola, gás agus ábhair hidreacarbóin eile a fhaightear go nádúrtha a thaiscéaladh nó a tháirgeadh.

4. Giotáin druilirí, píopaí druilirí, coiléir druilirí, lárstair agus trealamh eile, atá saindeartha lena n-úsáid i dtrealamh druileála toibreacha ola agus gáis agus leis an trealamh sin.

5. Cinn tobair a dhruileáil, "coisceoirí séidte" agus "crainn bairr tobair nó táirgthe" agus na comhpháirteanna díobh atá saindeartha, a chomhlíonann "sonraíochtaí API agus ISO" lena n-úsáid le toibreacha ola agus gáis.

   Nótaí Teicniúla:

   a. Is éard is "coisceoir séidte" ann gaireas a úsáidtear de ghnáth ar leibhéal na talún (nó má dhruileáiltear faoi uisce, ar ghrinneall na farraige) le linn druileála chun éalú neamhrialaithe ola agus/nó gáis ón tobar a chosc.

   b. Is é is "Crann bairr tobair nó crann táirgthe" ann gaireas a úsáidtear go hiondúil chun sreabhadh sreabhán ón tobar a rialú nuair a bhíonn sé iomlán agus nuair a chuirtear tús le táirgeadh ola agus/nó gáis.

   c. Chun críoch na míre seo, tagraíonn "sonraíochtaí API agus ISO" do shonraíochtaí 6A, 16A, 17D agus 11IW ón American Petroleum Institute agus/nó sonraíochtaí 10423 agus 13533 ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán le haghaidh coisceoirí séidte, bairr tobair agus crainn bairr tobair le húsáid ar thoibreacha ola agus/nó gáis.

6. Ardáin druileála agus táirgthe le haghaidh amhola agus gás nádúrtha.

7. Soithí agus báirsí ina n-ionchorpraítear trealamh druileála agus/nó próiseála peitriliam a úsáidtear chun ola, gás agus ábhair inadhainte eile a fhaightear go nádúrtha a tháirgeadh.

8. Deighilteoirí leachta/gáis a chomhlíonann sonraíocht API 12J, atá saindeartha chun an táirgeadh ó thobar ola nó gáis a phróiseáil, chun na leachtanna peitriliam a dheighilt ó aon uisce agus ó aon ghás ó na leachtanna.

9. Comhbhrúiteoir gáis ag a bhfuil brú deartha 40 bar (PN 40 agus/nó ANSI 300) nó níos mó agus ag a bhfuil toilleadh toirte súite 300 000 Nm^3/h nó níos mó, le haghaidh próiseáil agus tarchur tosaigh gáis nádúrtha, comhbhrúiteoirí gáis eisiata do stáisiúin líonta GNC (Gás Nádúrtha Comhbhrúite), agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

10. Trealamh rialaithe táirgthe fomhuirí agus na comhpháirteanna de a chomhlíonann "sonraíochtaí API agus ISO" lena n-úsáid le toibreacha ola agus gáis.

    Nóta Teicniúil:

    Chun críocha na hiontrála seo, tagraíonn "sonraíochtaí API agus ISO" do shonraíocht 17 F ón American Petroleum Institute agus/nó do shonraíocht 13268 ó Eagraíocht na gCaighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh córais rialaithe táirgthe fomhuirí.

11. Caidéil, a bhíonn ardtoillte de ghnáth agus/nó ardbhrú (níos mó ná 0,3 m^3 sa nóiméad agus/nó 40 bar), atá saindeartha chun láib dhruileála agus/nó stroighin a phumpáil isteach i dtoibreacha ola agus gáis.

1.B Trealamh tástála agus cigireachta

1. Trealamh atá saindeartha chun sampláil, tástáil agus anailís a dhéanamh ar airíonna láibe druileála, stroighin toibreacha ola agus ábhar eile atá saindeartha agus/nó sainfhoirmlithe lena n-úsáid i dtoibreacha ola agus gáis.

2. Trealamh atá saindeartha chun sampláil, tástáil agus anailís a dhéanamh ar airíonna samplaí carraige, samplaí leachtacha agus gásacha agus ábhar eile a thógtar ó ola agus/nó ó ghás go leor le linn druileála nó tar éis druileála, nó ó na saoráidí próiseála tosaigh atá ceangailte leo.

3. Trealamh atá saindeartha chun faisnéis a bhailiú agus a léirmhíniú faoi bhail fhisiceach agus mheicniúil tobar ola agus/nó gáis, agus chun airíonna *in situ* fhoirmíocht na carraige agus an taiscumair a chinneadh.

1.C Ábhair

1. Láib dhruileála, breiseáin láibe druileála agus na comhpháirteanna díobh, atá sainfhoirmlithe chun toibreacha ola agus gáis a chobhsú le linn druileála, chun gearrthóga druileála a aisghabháil ar an dromchla agus chun an trealamh druileála sa tobar a bhealú agus a fhuarú.

2. Stroighin agus ábhair eile a chomhlíonann "sonraíochtaí API agus ISO" lena n-úsáid i dtoibreacha ola agus gáis.

Nóta Teicniúil:

Tagraíonn "sonraíocht API agus ISO" do shonraíocht 10A Institiúid Peitriliam Mheiriceá nó do shonraíocht 10426 Eagraíocht na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le stroighin toibreacha ola agus ábhair eile atá sainfhoirmlithe lena n-úsáid chun toibreacha ola agus gáis a dhaingniú.

3. Cosc creimthe, cóireáil eibleachta, oibreáin frithchúrtha agus ceimiceáin eile a sainfhoirmlíodh lena n-úsáid chun peitriliam a tháirgtear ó thobar ola agus/nó gáis a dhruileáil agus chun próiseáil tosaigh a dhéanamh air.

1.D Bogearraí

1. "Bogearraí" atá saindeartha chun sonraí a fhaightear ó shuirbhéanna seismeacha, leictreamaighnéadacha, maighnéadacha nó domhantarraingthe a bhailiú agus a thuiscint chun sirtheoireacht ola nó gáis a bhunú.

2. "Bogearraí" atá saindeartha chun stóráil, anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear le linn druileála agus táirgthe chun saintréithe fisiceacha agus iompraíocht taiscumar ola nó gáis a mheasúnú.

3. "Bogearraí" atá saindeartha chun saoráidí táirgthe agus próiseála peitriliam nó fo-aonaid shonracha de na saoráidí sin "a úsáid".

1.E Teicneolaíocht

1. "Teicneolaíocht" atá "de dhíth" chun trealamh a shonraítear in 1.A.01 – 1.A.11 "a fhorbairt", "a tháirgeadh" agus "a úsáid";

SCAGADH AMHOLA AGUS LEACHTÚ GÁIS NÁDÚRTHA

2.A Trealamh

1. Teasmhalartóirí mar a leanas agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh:

   a. Teasmhalartóirí plátaí agus eitíl a bhfuil cóimheas dromchla/toirte acu ar mó ná 500 m^2/m^3 é, agus atá saindeartha chun gás nádúrtha a réamhfhuarú;

   b. Teasmhalartóirí cornthochraiste atá saindeartha chun gás nádúrtha a leachtú nó a fhofhuarú.

2. Caidéil chrióigineacha chun meáin a iompar ag teocht faoi bhun - 120 °C a bhfuil toilleadh iompair acu ar mó ná 500 m^3/h é agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

3. "Fuarbhoscaí" agus trealamh "fuarbhoscaí" nach bhfuil sonraithe in 2.A.1.

Nóta Teicniúil:

Tagraíonn trealamh "fuarbhosca" do thógáil atá saindeartha, a bhaineann go sonrach le gléasraí GNL agus lena n-ionchorpraítear céim an phróisis leachtaithe. Cuimsíonn an "fuarbhosca" teasmhalartóirí, píobánra, ionstraimíocht agus inslitheoirí teirmeacha eile. Tá an teocht laistigh den "fhuarbhosca" faoi bhun - 120 °C (dálaí chun gás nádúrtha a chomhdhlúthú). Is é feidhm an "fhuarbhosca" insliú teirmeach an trealaimh a thuairiscítear thuas.

4. Trealamh le haghaidh críochfoirt loingseoireachta de gháis leachtaithe ag a bhfuil teocht faoi bhun - 120 °C agus comhpháirteanna atá saindeartha lena aghaidh.

5. Líne aistrithe sholúbtha dholúbtha a bhfuil trastomhas aici ar mó é ná 50 mm chun meáin faoi bhun - 120 °C a iompar.

6. Soithí muirí atá saindeartha chun GNL a iompar.

7. Díshalannóirí leictreastatacha atá saindeartha chun éilleáin amhail salainn, solaid agus uisce a bhaint as amhola agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

8. Na scoilteoirí uile, lena n-áirítear hidreascáineoirí, agus cóicéirí, atá saindeartha chun folúsolaí gáis nó roisín folúis a thiontú, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

9. Hidreachóiritheoirí atá saindeartha chun gásailín, gearrthacha díosail agus ceirisín a dhíshulfarú agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

10. Athchóiritheoirí catalaíocha atá saindeartha chun gásailín díshulfaraithe a thiontú ina ghásailín ard-ochtáin, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

11. Aonaid scaglainne d'isiméiriú gearrtha C5-C6, agus aonaid scaglainne chun olaifíní éadroma a ailciliú, chun innéacs ochtáin na ngearrthacha hidreacarbóin a fheabhsú.

12. Caidéil atá saindeartha chun amhola agus breoslaí a iompar, a bhfuil toilleadh 50 m^3/h nó níos mó acu agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

13. Feadáin a bhfuil trastomhas seachtrach 0,2 m nó níos mó acu agus atá déanta as aon cheann de na hábhair seo a leanas:

    a. Cruacha dosmálta a bhfuil 23 % cróimiam nó níos mó ná sin acu de réir meáchain;

    b. Cruach dhosmálta agus bun-chóimhiotail nicile ag a bhfuil uimhir "coibhéis frithsheasmhachta in aghaidh loigínithe" níos airde ná 33.

    Nóta Teicniúil:

    Saintréith de fhrithsheasmhacht in aghaidh creimthe is ea an uimhir "coibhéis frithsheasmhachta in aghaidh loigínithe" (PRE) a bhaineann le frithsheasmhacht chreimthe cruach dosmálta agus cóimhiotal nicile in aghaidh loigínithe nó scáine. Is trí chomhdhéanaimh na gcruach dosmálta agus na gcóimhiotal nicile an phríomhrud lena gcinntear an frithsheasmhacht in aghaidh loigínithe atá acu, go príomha: cróimiam, molaibdéineam agus nítrigin. Is é seo an fhoirmle chun an uimhir PRE a ríomh:

14. "Scrábairí" (Tomhsairí Iniúchta Píblínte) agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh:.

15. Lainseálaithe "scrábairí" agus gabhdóirí "scrábairí" chun "scrábairí" a chomhtháthú nó a bhaint.

    Nóta Teicniúil:

    Is éard is "scrábaire" ann feiste a úsáidtear de ghnáth chun píblíne a ghlanadh nó a iniúchadh ón taobh istigh (staid chreimthe nó foirmíocht scoilte) agus a thiomáintear le brú an táirge sa phíblíne.

16. Umair chun amhola agus breoslaí a stóráil ag a bhfuil toirt is mó ná 1 000 m^3 (1 000 000 lítear), mar a leanas, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh:

    a. umair dín sheasta;

    b. umair dín snámha.

17. Píopaí solúbtha fomhuirí atá saindeartha chun hidreacarbóin agus sreabháin insteallta, uisce nó gás a iompar, a bhfuil trastomhas acu ar mó é ná 50 mm.

18. Píopaí solúbtha a úsáidtear le haghaidh ardbhrú le haghaidh feidhmeanna taoibh agus fomhuirí.

19. Trealamh isiméireachta atá saindeartha chun gásailín ard-ochtáin atá bunaithe ar hidreacarbóin éadroma a tháirgeadh mar bheatha, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena aghaidh.

2.B Trealamh tástála agus cigireachta

1. Trealamh atá saindeartha chun tástáil agus anailís a dhéanamh ar cháilíocht (réadmhaoin) amhola agus breoslaí.

2. Córais um rialú comhéadain atá saindeartha chun an próiseas díshaillte a rialú agus a bharrfheabhsú.

2.C Ábhair

1. Dé-eitilíngliocól (CAS 111-46-6), Gliocól trí-eitiléine (CAS 112-27-6)

2. N-meitil-pioróladón (CAS 872-50-4), Sulfólán(CAS 126-33-0)

3. Seoilítí, de thionscnamh nádúrtha nó sintéiseach, atá saindeartha le haghaidh scoilteadh catalaíoch sreabhán nó le haghaidh íonú agus/nó díhiodráitiú gás, lena n-áirítear gáis nádúrtha.

4. Catalaígh chun hidreacarbóin a scoilteadh agus a thiontú mar a leanas:

   a. Miotal aonair (miotail de chuid an ghrúpa platanaim) ar chineál alúmana nó ar sheoilít, atá saindeartha don phróiseas athfhoirmithe catalaíoch;

   b. Speicis mheasctha miotail (platanam in éineacht letriathmhiotail eile) ar chineál alúmana nó ar sheoilít, atá saindeartha don phróiseas athfhoirmithe catalaíoch;

   c. Catalaígh chóbailt agus nicile atá dópáilte le molaibdéineam ar alúmana nó ar sheoilít, atá saindeartha don phróiseas díshulfaraithe chatalaíoch;

   d. Catalaígh phallaidiam, nicile, cróimiam agus tungstain ar chineál alúmana nó ar sheoilít, atá saindeartha le haghaidh próiseas hidreascáinte catalaíoch.

5. Breiseáin ghásailín atá sainfhoirmlithe chun uimhir ochtáin gásailín a mhéadú.

   Nóta:

   Áirítear leis an iontráil seo éitear búitileach treasach eitileach (ETBE) (CAS 637-92-3) agus éitear búitileach treasach Meitile (MTBE) CAS 1634-04-4).

2.D Bogearraí

1. "Bogearraí" atá saindeartha chun gléasraí GNL nó fo-aonaid shonracha gléasraí den sórt sin "a úsáid".

2. "Bogearraí" atá saindeartha le haghaidh "forbairt", "táirgeadh" nó "úsáid" gléasraí (lena n-áirítear a bhfo-aonaid) chun ola a scagadh.

2.E Teicneolaíocht

1. "Teicneolaíocht" atá "de dhíth" chun trealamh chun gás nádúrtha amh a chóiriú agus a íonú (díhiodráitiú, milsiú, baint eisíontais) "a fhorbairt", "a tháirgeadh"nó "úsáid".

2. "Teicneolaíocht" chun gás nádúrtha a leachtú, lena n-áirítear "teicneolaíocht" is gá chun gléasraí GNL "a fhorbairt", "a tháirgeadh" nó "a úsáid".

3. "Teicneolaíocht" atá "de dhíth" chun trealamh chun gás nádúrtha leachtaithe a loingsiú "a fhorbairt", "a tháirgeadh"nó "úsáid".

4. "Teicneolaíocht" atá "de dhíth" chun soithí muirí atá saindeartha chun gás nádúrtha leachtaithe a iompar "a fhorbairt", "a tháirgeadh" nó "úsáid".

5. "Teicneolaíocht" atá "de dhíth" chun umair le haghaidh amhola agus breoslaí a stóráil "a fhorbairt", "a tháirgeadh"nó "úsáid".

6. "Teicneolaíocht" atá "de dhíth" chun scaglann "a fhorbairt", "a tháirgeadh" agus "a úsáid", cosúil le:

   6.1. "Teicneolaíocht" chun olaifín éadrom a thiontú go gásailín;

   6.2. Teicneolaíocht athfhoirmithe catalaíoch agus isiméirithe

   6.3. Teicneolaíocht chatalaíoch agus craiceála teirmí.

AN TIONSCAL PEITRICEIMICEACH

3.A Trealamh

1. Imoibreoirí

a. atá saindeartha chun foisgéin (CAS 506-77-4) a tháirgeadh, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh;

b. le haghaidh foisgéinithe atá saindeartha chun HDI, TDI, MDI agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh a tháirgeadh, cé is moite d'imoibreoirí tánaisteacha;

c. tá siad saindeartha le haghaidh polaiméiriú eitiléine agus próipiléine ísealbhrú (suas le 40 bar ar a mhéad) agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh;

d. atá saindeartha le haghaidh craiceáil theirmeach EDC (déchlóiríd eitiléine) agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh a tháirgeadh, cé is moite d'imoibreoirí tánaisteacha;

e. atá saindeartha le haghaidh clóiríniú agus ocsachlóiríniú i dtáirgeadh clóiríde vinile agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh a tháirgeadh, cé is moite d'imoibreoirí tánaisteacha;

2. Galaitheoirí sceo tanaí agus galaitheoirí scannáin titime arb é atá iontu ábhair atá díonach ar aigéad aicéiteach teo-thiubhaithe agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, agus na bogearraí ábhartha a forbraíodh lena n-aghaidh;

3. Gléasraí chun aigéad hidreaclórach a dheighilt trí leictrealú agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, agus na bogearraí ábhartha arna bhforbairt lena n-aghaidh;

4. Colúin a bhfuil trastomhas acu ar mó é ná 5 000 mm agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh;

5. Comhlaí gránacha agus comhlaí plocóide a bhfuil liathróidí nó plocóidí ceirmeacha acu, a bhfuil trastomhas ainmniúil acu arb ionann é agus 10 mm nó ar mó é ná sin, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh;

6. Comhbhrúiteoir lártheifeach agus/nó loine frithingeach ag a bhfuil cumhacht shuiteáilte os cionn 2 MW agus a chomhlíonann sonraíocht 617 API nó 618 API;

3.B Trealamh tástála agus cigireachta

3.C Ábhair

1. Catalaígh is infheidhme maidir le próisis táirgthe trínítreatolúéine, níotráite amóiniam agus próiseas ceimiceach agus peitriceimiceach eile a úsáidtear le haghaidh monarú pléascach, agus na bogearraí ábhartha arna bhforbairt lena n-aghaidh;

2. Catalaígh a úsáidtear chun monaiméirí a tháirgeadh amhail eitiléin agus próipiléin (aonaid scoilte gaile agus/nó aonaid Gháis go peitriceimiceáin), agus na bogearraí ábhartha a forbraíodh lena n-aghaidh;

3.D Bogearraí

1. "Bogearraí" atá saindeartha chun trealamh a shonraítear in 3.A "a fhorbairt", "a tháirgeadh" nó "a úsáid";

2. "Bogearraí" atá saindeartha "lena n-úsáid" i ngléasraí meatánóil;

3.E Teicneolaíocht

1. "Teicneolaíocht" le haghaidh próisis Gás go Leacht (GTL) nó Gá go Peiriceimiceáin (GTP) nó le haghaidh ghléasraí GTL nó GTP "a fhorbairt", "a tháirgeadh" nó "a úsáid";

2. "Teicneolaíocht" atá "de dhíth" chun trealamh atá deartha chun gléasraí amóinia agus meatánóil a mhonarú "a fhorbairt", "a tháirgeadh" nó "úsáid".

3. "Teicneolaíocht" chun MEG (Gliocól mona-eitiléine), EO (ocsaíd eitiléine)/EG (Gliocól eitiléine)

Nóta:

Ciallaíonn "teicneolaíocht" sainfhaisnéis atá riachtanach chun earraí a "fhorbairt", a "tháirgeadh" nó a "úsáid". Is i bhfoirm "sonraí teicniúla" nó i bhfoirm "cúnaimh theicniúil" a bhíonn an fhaisnéis seo.'

(8) cuirtear isteach Iarscríbhinn VIa:

'IARSCRÍBHINN VI

An príomhthrealamh agus an phríomhtheicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagail 8, 10(1)(c) agus 31(1)

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
	– Cásáil, feadánra agus píobán druilire den chineál a úsáidtear chun ola agus gás a dhruileáil:
7304 22	– Píobán druilire déanta as cruach dhomheirgthe
7304 23	– – Píobán druilire eile
7304 24	– – Eile, déanta as cruach dhomheirgthe
7304 29	– – Eile
ex 7305	Feadáin agus píobáin eile (iad táite, mar shampla, sin nó iad seamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin), arb é an trasghearradh ciorclach atá iontu, iad níos mó ná 406,4 mm ar an trastomhas seachtrach, agus iad déanta as iarann nó cruach, ag a bhfuil cion cróim 1 % nó níos mó agus ag a bhfuil frithsheasmhacht in aghaidh fuachta atá in ann dul faoi bhun -120 °C
	– Píobán líne den chineál a úsáidtear le haghaidh píblínte ola nó gáis:
7306 11	– – Táthaithe, déanta as cruach dhomheirgthe
7306 19	– – Eile
	– Cásáil agus feadánra den chineál a úsáidtear chun ola agus gás a dhruileáil:
7306 21 00	– – Táthaithe, déanta as cruach dhomheirgthe
7306 29 00	– – Eile
	Taisceadáin le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe agus iad déanta as iarann nó as cruach:
7311 00 99	– Eile, ag a bhfuil toilleadh 1 000 l nó níos mó
ex 7613	Coimeádáin alúmanaim le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, ag a bhfuil toilleadh 1 000 l nó níos mó'

(9) cuirtear isteach Iarscríbhinn VIb:

'IARSCRÍBHINN VIb

An príomhthrealamh agus an phríomhtheicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagail 10a, 10b, 10c agus 31(1)

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
8406 10 00	Tuirbíní gaile le haghaidh cumhachta tiomána árthaí mara
ex 8406 90	Codanna de thuirbíní le haghaidh cumhachta tiomána muirárthaí
8407 21	Innill tiomána árthaí mara, mótair transaim
ex 8407 29	Innill tiomána árthaí mara, eile
8408 10	Innill tiomána árthaí mara
ex 8409 91 00	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní atá faoi cheannteidil 8407 21 nó 8407 29 amháin nó go príomha
ex 8409 99 00	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní atá faoi cheannteideal 8408 10 amháin nó go príomha
ex 8411 81	Tuirbíní gáis eile ag a bhfuil cumhacht nach mó ná 5 000 kW acu, le haghaidh cumhachta tiomána muirárthaí
ex 8411 82	Tuirbíní gáis eile ag a bhfuil cumhacht is mó ná 5 000 kW acu, le haghaidh cumhachta tiomána muirárthaí
ex 8468	Innealra agus gaireas le haghaidh sádrála, prásála nó táthaithe, bíodh sé in ann gearradh nó ná bíodh, seachas iad siúd faoi cheannteideal 8515; meaisíní agus fearais a oibríonn le gás chun faghairt a chur ar dhromchlaí:
ex 8483	Fearsaidí tarchuir (lena n-áirítear ceamfhearsaidí agus cromfhearsaidí) agus cromáin; cásálacha imthacaí agus imthaca loma fearsaide; giair agus giaráil; gránscriúnna nó rollscriúnna; giarbhoscaí agus athraitheoirí luais eile, lena n-áirítear tiontairí casmhóiminte; rothaí lústair agus ulóga, lena n-áirítear bloic ulóige; Crága agus cúpláin fearsaide (lena n-áirítear ailt uilíocha), atá deartha chun soithí a thiomáint ag an meálasta uasta is féidir ag doimhneacht snámha railse 55 000 dwt nó níos mó
8487 10	Liáin long agus bád maille leis na lanna a ghabhann leo
ex 8515	Meaisíní leictreacha agus gléasra leictreach (lena n-áirítear gás a théitear go leictreach), léasair nó léis solais nó fótóin eile, ultrasonacha, léis leictreoin, bíogtha maighnéadaigh nó sádrála stua-phlasmaí, brásála nó táthúcháin, bídís ábalta gearradh nó ná bídís; meaisíní agus gairis leictreacha le haghaidh spraeáil the miotal nó miotal ceirmeach:
ex 9014 10 00	Compáis treo-aimsithe, don tionscal muirí amháin

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
ex 9014 80 00	Ionstraimí agus fearais loingseoireachta eile, don tionscal muirí amháin
ex 9014 90 00	Páirteanna agus gabhálais faoi cheannteidil 9014 10 00 agus 9014 80 00, don tionscal muirí amháin
ex 9015	Suirbhéireacht (suirbhéireacht fótaghram-mhéadrach san áireamh), ionstraimí agus fearais hidreagrafacha, aigéaneolaíochta, hidreolaíocha, meitéareolaíocha nó geoifisiceacha, seachas compáis; raonaimsitheoirí, don tionscal muirí amháin’

(10) cuirtear isteach Iarscríbhinn VII:

‘IARSCRÍBHINN VII

Liosta den ór, miotail lómhara agus diamaint dá dtagraítear in Airteagal 15 agus in Airteagal 31(1)

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7102	Diamaint shaoirsithe nó diamaint neamhshaoirsithe, ach nach diamaint atá suite ná buailte iad
7106	Airgead (lena n-áirítear airgead atá plátáilte le hór nó le platanam), é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, sin nó ina phúdar
7108	Ór (lena n-áirítear ór atá plátáilte le platanam), é neamhshaoirsithe, nó é i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó i bhfoirm púdair
7109	Táirmhiotail nó airgead, iad cumhdaithe, gan saoirsiú breise déanta orthu thar an leathmhonarú.
7110	Platanam, é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó é ina phúdar
7111	Táirmhiotail, airgead nó ór, cumhdaithe le platanam, leathmhonaraithe agus gan aon saoirsiú thairis sin.
7112	Fuíoll agus dramhaíl déanta as miotal lómhar nó as miotal cumhdaithe le miotal lómhar; fuíollábhar agus dramhábhar eile ina bhfuil miotal lómhar nó comhdhúile miotail lómhair, de chineál a úsáidtear den chuid is mó chun an miotal lómhar a ghnóthú’

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VIIa:

'IARSCRÍBHINN VIIa

Bogearraí chun próisis thionsclaíocha a chomhthathú dá dtagraítear in Airteagail 10d, 10e, 10f agus 31(1)

1. Bogearraí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta, atá deartha go sonrach lena n-úsáid i dtionscail núicléacha, mhíleata, gháis, ola, chabhlaigh, eitlíochta, airgeadais agus tógála.

Nóta míniúcháin: Is éard is bogearraí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta ann bogearraí a úsáidtear le haghaidh cuntasaíocht airgeadais, cuntasaíocht bhainistíochta, acmhainní daonna, monaraíocht, bainistiú slabhraí soláthair, bainistiú tionscadal, bainistiú caidreamh custaiméirí, seirbhísí sonraí, nó rialú rochtana.'

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VIIb:

'IARSCRÍBHINN VIIb

Graifit agus aon mhiotal amh nó leathchríochnaithe dá dtagraítear in Airteagail 15a, 15b, 15c agus 31(1)

Nóta réamhráiteach: Cuimsiú earraí san Iarscríbhinn seo, tá sin gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir leis na hearraí a áirítear in Iarscríbhinní I, II agus III.

1. Graifít	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
2504	Graifít nádúrtha
3801	Graifít shaorga; graifít chollóideach nó leathchollóideach; ullmhóidí atá bunaithe ar ghraifít nó ar charbón eile i bhfoirm leafaos, bloc, plátaí nó ábhar eile leathmhonaraithe
6815 10	Earraí neamhleictreacha graifíte nó carbóin eile, lena n-áirítear snáithíní carbóin
6903 10	Freangáin, breogáin, mufail, buinní, stopalláin, tacaí, cupaí, feadáin, píobáin, truaillí, slata agus earraí ceirmeacha teasfhulangacha eile. Ach amháin earraí déanta as min iontaise shiliciúil nó as créanna siliciúla comhchosúla, ina bhfuil, de réir meáchain, níos mó ná 50 % graifíte, nó carbón eile nó meascán de na táirgí sin
8545	Leictreoidí carbóin, scuaba carbóin, carbóin le haghaidh lampaí nó ceallraí agus earraí eile graifíte nó carbóin eile, le miotal nó gan é, de chineál a úsáidtear chun críocha leictreacha

2. Iarann agus Cruach	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7201	Muciarann agus spiegeleisen ina mhuc-bharraí, ina bhloic nó i bhfoirmeacha príomhúla eile
7202	Fearó-chóimhiotail

2. Iarann agus Cruach

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7203	Táirgí feiriúla a fhaightear trí iarnmhian agus táirgí eile feiriúla spúinseacha a laghdú go díreach, i gcnapanna, i millíní nó i bhfoirmeacha eile den chineál céanna; iarann a bhfuil íos-íonacht 99,94 % de réir meáchain ann, i gcnapanna, i millíní nó i bhfoirmeacha eile den chineál céanna
7204	Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí iarainn agus cruach
7205	Gráiníní agus púdair de mhuciarann, spiegeleisen, d'iarann nó de chruach
7206	Iarann agus cruach neamh-chóimhiotail in uingí nó foirmeacha príomhúla eile
7207	Táirgí leathchríochnaithe d'iarann agus de chruach neamh-chóimhiotail
7218	Cruach dhomheirgthe in uingí nó foirmeacha príomhúla eile; táirgí leathchríochnaithe cruach dosmálta
7224	Cruach chóimhiotail eile in uingí nó foirmeacha príomhúla eile; earraí leathchríochnaithe de chruach chóimhiotail eile

3. Copar agus earraí déanta as copar

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7401 00 00	Meascán copair gan snas; copar stroighne (copar deascaithe)
7402 00 00	Copar gan mhínghlanadh; anóidí copair le haghaidh mínghlanadh leictrealaíoch
7403	Copar mínghlanta agus cóimhiotail chopair, é neamhshaoirsithe
7404 00	Fuíoll agus dramhaíl chopair
7405 00 00	Príomh-chóimhiotail chopair
7406	Púdair agus calóga copair
7407	Barraí, slata agus próifílí copair
7410	Duilleoga copair (bídís priontáilte nó bíodh páipéar, cairtchlár, plaistigh nó ábhar taca eile den chineál céanna ar a chúl nó ná bíodh), nach mó ná 0,15 mm a dtiús (gan aon ábhar taca a áireamh)
7413 00 00	Sreang dhualach, cáblaí, bandaí trilseacha agus a leithéid, iad déanta as copar, gan iad inslithe go leictreach

4. Nicil agus earraí déanta de nicil

Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7501	Maití nicile, sintéir ocsaíde nicile agus táirgí idirmheánacha eile den miotalóireacht nicile
7502	Nicil neamhshaoirsithe

4. Nicil agus earraí déanta de nicil	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7503 00	Fuíoll nicile agus dramhaíl nicile
7504 00 00	Púdair nicile agus calóga nicile
7505	Barraí, slata, próifílí agus sreang nicile
7506	Plátaí agus leatháin nicile, stiallacha agus duilleoga nicile
7507	Feadáin agus píobáin nicile agus feistis feadáin nó píobáin nicile (mar shampla, cúplálacha, uillinneacha, muinchillí)

5. Alúmanam	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7601	Alúmanam neamhshaoirsithe
7602	Dramhaíl agus fuíoll alúmanaim
7603	Púdair agus calóga alúmanaim
7605	Sreang alúmanaim
7606	Plátaí, leatháin agus stiallacha alúmanaim, atá níos mó ná 0,2 mm ar tiús
7609 00 00	Feistis feadáin nó píobáin alúmanaim (mar shampla, cúplálacha, uillinneacha, muinchillí)
7614	Sreang dhualach, cáblaí, bandaí trilseach agus a leithéid, iad déanta as alúmanam, gan insliú leictreach orthu

6. Luaidhe	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7801	Luaidhe neamhshaoirsithe
7802 00 00	Fuíoll luaidhe agus dramhaíl luaidhe
7804	Plátaí agus leatháin luaidhe, stiallacha agus duilleoga luaidhe; púdair agus calóga luaidhe

7. Sinc	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7901	Sinc neamhshaoirsithe
7902 00 00	Fuíoll agus dramhaíl since
7903	Deannach, púdair agus calóga since

7. Sinc	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
7904 00 00	Barraí, slata, próifílí agus sreang since
7905 00 00	Plátaí, leatháin, stiallacha agus duilleoga since

8. Stán	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
8001	Stán neamhshaoirsithe
8002 00 00	Fuíoll agus dramhaíl stáin
8003 00 00	Barraí, slata, próifílí agus sreang stáin

9. Táirmhiotail eile; ceirméid; earraí déanta as táirmhiotail eile nó as ceirméid	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
ex 8101	Tungstan (volfraimít) agus earraí tungstain, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl, seachas frithchatóidí le haghaidh feadáin x-ghathaithe
ex 8102	Molaibdéineam agus earraí molaibdéinim, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl, seachas earraí atá deartha go sonrach lena n-úsáid san fhiaclóireacht
ex 8103	Tantalam agus earraí tantalaim, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl, seachas uirlisí fiaclóireachta agus uirlisí máinliachta agus earraí atá saindeartha chun críoch ortaipéideach agus máinliachta
8104	Maignéisiam agus earraí maignéisiam, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
8105	Maití cóbailt agus táirgí idirmheánacha eile de mhiotalóireacht chóbailt; Cóbalt agus earraí déanta as cóbalt, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
ex 8106 00	Biosmat agus earraí biosmait, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl, seachas iad sin atá sainullmhaithe chun comhdhúile ceimiceacha a ullmhú le haghaidh úsáid chógaisíochta
8107	Caidmiam agus earraí déanta as caidmiam, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
8108	Tíotáiniam agus earraí tíotáiniam, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
8109	Siorcóiniam agus earraí siorcóiniam, lena n-áirítear an fuíoll agus an dramhaíl
8110	Antamón agus earraí antamóin, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl

9. Táirmhiotail eile; ceirméid; earraí déanta as táirmhiotail eile nó as ceirméid	
Cód an Chórais Chomhchuibhithe	Tuairisc
8111 00	Mangainéis agus earraí mangainéise, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
ex 8112	Beirilliam, cróimiam, gearmáiniam, vanaidiam, gailliam, indiam, niaibiam (colaimbiam), réiniam agus tailliam, agus earraí atá déanta as na miotail sin, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl, seachas fuinneoga d'fheadáin X-ghathanna
8113 00	Ceirméid agus earraí ceirméad, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl'

(13) scriostar Iarscríbhinní XIII agus XIV.